2025/1042

28.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1042 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Bealtaine 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, iad plátáilte nó brataithe le stán, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 16 Bealtaine 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála maidir le hallmhairí táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, iad plátáilte nó brataithe le stán ('táirgí stánphlátáilte') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann', 'an tSín' nó 'Daon-Phoblacht na Síne') bunaithe ar Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [2] ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne an Comhlachas Eorpach Cruach ("EUROFER" nó "an gearánach") an 2 Aibreán 2024. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal táirgí stánphlátáilte an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2731 ón gCoimisiún [3], chuir an Coimisiún allmhairí táirgí stánphlátáilte faoi réir a gcláraithe.

1.3. Bearta sealadacha

(4) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, an 17 Nollaig 2024, thug an Coimisiún achoimre ar na dleachtanna beartaithe do na páirtithe, agus thug sé sonraí dóibh faoi ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach ar leor iad chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais. Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de 3 lá oibre.

(5) Fuair an Coimisiún barúlacha ó Baoshan Iron & Steel Co., Ltd. agus WISCO-Nippon Steel Tinplate Co., Ltd. ('an Grúpa Baosteel') agus Shougang Jingtang United Iron & Steel Co., Ltd. ('Shougang Jingtang') ach níor thug ceachtar cuideachta barúlacha maidir le cruinneas na ríomhanna.

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
[2] IO C, C/2024/3112, 16.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3112/oj.
[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2731 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena gcuirtear allmhairí táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, iad plátáilte nó brataithe le stán, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, faoi réir a gcláraithe (IO L, 2024/2731, 25.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2731/oj).

(6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/81 ón gCoimisiún ([4]) ('an Rialachán sealadach), d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí táirgí stánphlátáilte de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne an 14 Eanáir 2025.

1.4. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(7) Tar éis na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha a nochtadh ar an mbonn ar ar forchuireadh dleacht frithdhumpála shealadach ('nochtadh sealadach'), chuir Grúpa Baosteel, an gearánach, Shougang Jingtang, Trivium Packaging B.V. ('Trivium'), Comhlachas Iarainn agus Cruach na Síne ('CICS'), Metal Packaging Europe ('MPE') agus Steelforce Packaging BV ('Steelforce') aighneachtaí i scríbhinn isteach ag cur a dtuairimí in iúl maidir leis na torthaí sealadacha laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán sealadach.

(8) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Reáchtáladh éisteacht leis an ngearánach. Níor iarradh aon iarraidh ar éisteachtaí leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála ag an gcéim shealadach.

(9) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach dá dtorthaí críochnaitheacha. Agus an Coimisiún ag teacht ar a thorthaí cinntitheacha, mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus rinne sé athbhreithniú ar a chonclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(10) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoi na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha ar ina leith a bhí sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí táirgí stánphlátáilte de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an nochtadh deiridh'). Tugadh tréimhse do na páirtithe uile ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh.

(11) Fuarthas aighneachtaí i scríbhinn maidir leis an nochtadh deiridh ó Baosteel Group, an gearánach, Shougang Jingtang, CICS, MPE agus Steelforce.

(12) Níor iarr aon pháirtí éisteacht tar éis an nochta. Ina theannta sin, níor iarr aon pháirtí idirghabháil ón Oifigeach Éisteachta.

1.5. **Maímh maidir le tionscnamh**

(13) Ina bharúlacha maidir leis an Rialachán sealadach, d'easaontaigh CICS le measúnú an Choimisiúin ó roinn 1.4 den Rialachán sealadach, i gcás inar dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh CICS nach raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe sin.

(14) Chloígh CICS lena mhaímh freisin nach raibh achoimrí neamhrúnda ar fhaisnéis ar baineadh úsáid aisti sa ghearán mionsonraithe go leor, rud a sháraigh a cheart cosanta. Dúirt CICS go raibh an Coimisiún mícheart a mheas go raibh an fhaisnéis mionsonraithe go leor agus gur cheart leagan neamhrúnda den ghearán, a ndearnadh achoimre cheart air, a chur isteach arís.

(15) Chuir EUROFER i gcoinne na n-argóintí sin, ag maíomh nár threisigh CICS a mhaímh roimhe sin le hargóintí nua, ach nach ndearna sé ach iad a athrá.

(16) Maidir le seasamh CICS a bhfuil achoimre air in aithris (14) thuas, thug an Coimisiún dá aire, i gcomhréir le hargóint EUROFER, nár chuir CICS aon argóint ná fianaise nua ar fáil chun a léiriú cén fáth a ndearna an Coimisiún earráid ina chonclúid shealadach ar an ábhar seo. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin agus chloígh sé lena chonclúidí ó aithris (19) den Rialachán sealadach, gur cheadaigh na sonraí atá sa leagan neamhrúnda den ghearán tuiscint réasúnta ar shubstaint na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún agus nár sáraíodh aon cheart cosanta ina leith sin.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/81 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, iad plátáilte nó brataithe le stán, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2025/81, 14.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/81/oj).

(17) Maidir lena mhaíomh ar fhianaise neamhleor sa ghearán, d'athdhearbhaigh CICS a sheasamh gur cheart don Choimisiún, agus scrúdú á dhéanamh aige ar leordhóthanacht na fianaise chun an t-imscrúdú sin a thionscnamh, aird níos mó a thabhairt ar fhíorais eile a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh - go háirithe an tionchar a bhíonn ag ardú ar phraghsanna amhábhar agus fuinnimh. D'áitigh CICS gur bhréagnaigh an fíoras sin amháin ábharthacht fíorais eile mar chúis díobhála do thionscal an Aontais.

(18) Chuir an Coimisiún in iúl nárbh amhlaidh gurb ionann fíorais eile a bheith ann a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chás thionscal an Aontais agus a rá go cinnte nach bhfuil éifeacht allmhairí a dumpáladh ar chás an tionscail sin ábhartha, nó ní mhaolaíonn sé an nasc cúisíoch idir an dá cheann. Go deimhin, leis an gcomhghaol idir meath staid thionscal an Aontais agus dul i bhfód méadaithe na n-allmhairí dumpáilte a dhíoltar ar phraghsanna lena ndéantar sladghearradh suntasach ar phraghsanna thionscal an Aontais, léiríodh go láidir gur ann do nasc cúisíoch.

(19) Thairis sin, aithníodh go sainráite sa ghearán féin, i míreanna 159 go 161, agus i mír 205 mar chuid den anailís chúisíochta, go raibh an costas táirgthe ag dul i méid. Dá bhrí sin, cuireadh an fíoras sin san áireamh go deimhin sa mheasúnú foriomlán ar leordhóthanacht na fianaise, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 5(3) den bhun-Rialachán.

(20) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh CICS agus d'athdhearbhaigh sé a chonclúidí ó aithrisí (6) go (26) den Rialachán sealadach.

(21) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh CICS na maímh chéanna arís ag líomhain achoimre nach bhfuil mionsonraithe go leor ar an leagan oscailte den ghearán, fianaise neamhleor chun an t-imscrúdú a thionscnamh, agus mainneachtain measúnú a dhéanamh ar thosca eile a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh.

(22) D'áitigh CICS gur sáraíodh a chearta cosanta le linn an imscrúdaithe dá bhrí sin. Ós rud é nach féidir na sáruithe nós imeachta sin a leigheas anois ag céim chomh déanach sin den imscrúdú, mhaígh CICS gur cheart an t-imscrúdú a fhoirceannadh.

(23) In éagmais aon argóint nua, chloígh an Coimisiún lena sheasamh a leagtar amach in aithris (20) thuas. Ós rud é nár chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, aon sárú nós imeachta a bhaineann leis an imscrúdú sin agus nár thug CICS aon fhianaise shubstaintiúil lena gcruthaítear gur tharla sáruithe den sórt sin, dhiúltaigh an Coimisiún d'iarraidh CICS deireadh a chur leis an imscrúdú ar na forais sin.

1.6. **Sampláil**

(24) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin, táirgeoirí de chuid an Aontais ná allmhaireoirí neamhchomhlachaithe.

(25) An 14 Eanáir 2025, fuair an Coimisiún iarraidh ón gcuideachta Shíneach Jiangsu Kemao New Materials Technology Co., Ltd a bheith san áireamh san imscrúdú mar tháirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch.

(26) Mar a leagtar amach i roinn 5.3.1 den Fhógra Tionscnaimh, na táirgeoirí onnmhairiúcháin amháin a bhí toilteanach a bheith sa sampla ach nár roghnaíodh iad le bheith ann, measfar gur táirgeoirí comhoibríocha atá iontu (táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte). Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh sin toisc nár chuir an chuideachta í féin in iúl laistigh den sprioc-am a leagtar amach i roinn 5.3.1.(a) den Fhógra Tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán, mar a cheanglaítear le hAirteagal 9(6) den Rialachán sin.

(27) Deimhnítear na samplaí dá bhrí sin.

1.7. **Scrúdú aonair**

(28) Ní bhfuarthas aon iarraidh ar scrúdú aonair.

1.8. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(29) Rinneadh cuairteanna fíorúcháin breise ag na trí chuideachta díolacháin chomhlachaithe de chuid Ghrúpa Baosteel mar a leanas:

— Baosteel Europe, München, an Ghearmáin

— Baosteel España, Barcelona, an Spáinn

— Baosteel Italia, Genova, an Iodáil

(30) Rinneadh cuairt fíorúcháin freisin ag an úsáideoir Massilly Holding S.A.S ('Massilly').

2. **AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

(31) Leagtar amach in aithris (41) den Rialachán sealadach an sainmhíniú ar an táirge faoi imscrúdú. Is éard atá sa táirge faoi imscrúdú táirgí cothromrollta ó mhuileann stáin d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, iad brataithe nó plátáilte le stán, bíodh siad brataithe le hábhar plaisteach agus/nó vearnaiseáilte ('táirgí stánphlátáilte') nó ná bíodh, a thagann faoi láthair faoi chóid AC 7210 11 00, 7210 12, ex 7210 70, 7210 90 40, ex 7210 90 80, 7212 10, agus ex 7212 40 (cóid TARIC 7210 70 10 15, 7210 70 80 20, 7210 70 80 92, 7210 90 80 20, 7212 40 20 10, 7212 40 80 12, 7212 40 80 30, 7212 40 80 80, agus 7212 40 80 85).

(32) Leagtar amach in aithris (43) den Rialachán sealadach sainmhíniú an táirge lena mbaineann, is é sin an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(33) In éagmais aon bharúil maidir leis an táirge faoi imscrúdú, an táirge lena mbaineann agus an táirge comhchosúil, deimhnítear aithrisí (41) go (50) den Rialachán sealadach.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(34) Tar éis an nochta shealadaigh, thug comhlachas onnmhaireoirí na Síne CICS barúil arís maidir le húsáid an mhodha a leagtar amach in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán san imscrúdú seo. D'athdhearbhaigh Grúpa Baosteel a mhaíomh freisin gur cheart don Choimisiún diúltú do mhaíomh an ghearánaigh maidir leis an saobhadh suntasach líomhnaithe.

(35) Ar an gcéad dul síos, d'athdhearbhaigh CICS a mhaíomh nár chomhlíon Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála ('an Tuarascáil') caighdeán na fianaise neamhchlaonta oibiachtúla. Dúirt siad nach raibh an Tuarascáil neamhchlaonta ná oibiachtúil mar a scríobhadh í chun cabhrú le táirgeoirí an Aontais gearáin i gcoinne Dhaon-Phoblacht na Síne a dhréachtú.

(36) Ar an dara dul síos, d'athdhearbhaigh CICS a bharúil go raibh an gearán ag brath ar imscrúduithe frithdhumpála roimhe seo chun fianaise a sholáthar ar shaobhadh suntasach sa tSín, agus ba cheart don Choimisiún a shuí go dearfach gur ann do chleachtais dumpála i ngach imscrúdú. Thug CICS dá aire gur luaigh Buanchomhlacht Achomhairc EDT '*nach leor de ghnáth torthaí ó chinneadh amháin a ionchorprú trí bhíthin tagartha i gcinneadh eile mar mhíniú réasúnaithe agus leordhóthanach* ([5]).'

(37) Ar deireadh, luaigh CICS gurb é a thuairim nach raibh Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán comhsheasmhach le prionsabail Airteagal 2.2 den Chomhaontú Frithdhumpála a mhéid a bhaineann le tír ionadaíoch a úsáid chun costais a aimsiú chun an gnáthluach a ríomh.

([5]) SAM — Dleachtanna Frithdhumpála agus Frithchúitimh (an tSín), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, mír 354.

(38) Thug an Coimisiún dá aire go leagtar amach go mionsonraithe in aithrisí (72) go (117) den Rialachán sealadach torthaí an Choimisiúin féin maidir le saobhadh suntasach a bheith ann i dtáirgeadh táirgí stánphlátáilte sa tSín, agus úsáid á baint as foinsí éagsúla atá ar fáil go héasca.

(39) Sna barúlacha a thug CICS agus Grúpa Baosteel, níor chuir siad i gcoinne na fianaise a chuir an Coimisiún i gcomhad sna haithrisí sin den Rialachán sealadach.

(40) Tugadh aghaidh cheana féin ar bharúlacha CICS maidir leis an Tuarascáil agus leis an ngearán in aithrisí (120) go (127) den Rialachán sealadach.

(41) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh CICS a argóintí ón nochtadh sealadach, mar a leagtar amach in aithrisí (34) go (39) thuas.

(42) Luaigh CICS arís nach raibh fianaise oibiachtúil ag tacú leis an úsáid a bhain an Coimisiún as Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ná nár thug réasúnaíocht dhlíthiúil fhónta údar leis agus tharchuir sé an Coimisiún chuig a mbarúlacha maidir le nochtadh sealadach.

(43) Níor chuir CICS aon fhianaise nua ar fáil chun a thaispeáint nár cheart don Choimisiún Airteagal 2(6a) a úsáid san imscrúdú seo.

(44) Ós rud é nár sholáthair CICS ná Grúpa Baosteel aon fhianaise nua ina n-aighneachtaí, deimhnítear conclúidí an Choimisiúin in aithrisí (118) go (135) den Rialachán sealadach.

3.2. **An Gnáthluach**

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(45) Leagadh amach in aithris (203) den Rialachán sealadach, i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sin a d'allmhairigh amhiarann ó thíortha gan líomhaintí maidir le saobhadh faoi Airteagal 2(6a), gur thóg an Coimisiún an praghas neamhshaofa a d'íoc na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte seachas an tagarmharc a suíodh thuas ó phraghsanna allmhairiúcháin na Malaeisia.

(46) Tar éis an nochta shealadaigh, thug an gearánach barúlacha maidir le tionchar Ghrúpa Acmhainní Mianraí na Síne ([6]) ('GAMS') ar cheannach amhiarainn allmhairithe sa tSín. Mhaígh siad gur cumann faoi stiúir an stáit é GAMS chun amhábhair a cheannach go comhpháirteach, agus go ndearna go leor muilte cruach atá faoi úinéireacht an Stáit 'gach soláthar práinneach a tharmligean chuig GAMS […] chun ceannacháin amhiarainn a chomhdhlúthú'.

(47) Chuir EUROFER tuarascáil phreasa ([7]) ar comhad dar dáta an 6 Deireadh Fómhair 2023 ina luaitear go raibh GAMS 'i gcainteanna leis na ceithre sholáthraí amhiarainn is mó ar domhan — Rio Tinto, BHP, Vale agus Fortescue Metals – [agus] ag lorg téarmaí fabhracha maidir le hiompar, gráid, etc.'

(48) Ar bhonn na dtuarascálacha preasa sin, d'iarr EUROFER ar an gCoimisiún grinnscrúdú cúramach a dhéanamh ar mhaímh tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne go bhfuil amhiarann allmhairithe á cheannach acu ar phraghsanna neamhshaofa.

(49) Seoladh ceistneoir chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh in earnáil an táirge stánphlátáilte ag tús an imscrúdaithe, agus níor fhreagair sé. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé forálacha Airteagal 18 den bhun-Rialachán maidir le saobhadh san earnáil.

(50) Chinn an Coimisiún gur bunaíodh CMRG le foraithne ó Choimisiún na Comhairle Stáit um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht an Stáit an 22 Iúil 2022 ([8]).

([6]) http://www.cmr-co.com/ (arna rochtain go deireanach an 28 Feabhra 2025).
([7]) https://gmk.center/en/news/chinas-new-state-owned-company-has-begun-negotiations-with-major-iron-ore-suppliers/#:~:text=China%20Mineral%20Resources%20Group%20(CMRG,materials%20for%20the%20next%20year. (arna rochtain go deireanach an 28 Feabhra 2025).
([8]) http://www.sasac.gov.cn/n2588030/n2588924/c25601477/content.html (arna rochtain go deireanach an 28 Feabhra 2025).

(51) De réir a suímh gréasáin, is é is cuspóir do GAMS ‘seirbhísí soláthair amhábhar atá slán, inbhuanaithe agus réitigh shaincheaptha a sholáthar do thionscail amhail cruach. Trí chomhpháirtíocht straitéiseach a chruthú le soláthróirí domhanda mianraí, custaiméirí deiridh, agus ceannairí i dtionscail chalafoirt, loingseoireachta, trádála agus airgeadais, agus trí fhaisnéis dhigiteach, teicneolaíocht ghlas agus cleachtais inbhuanaithe in acmhainní mianraí a chur chun cinn, tá sé mar aidhm againn éiceachórais thionsclaíocha athléimneacha agus inbhuanaithe a chothú agus cobhsaíocht agus forbairt ardcháilíochta slabhraí tionsclaíocha agus soláthair á n-áirithiú ag an tráth céanna.’ ([9])

(52) Thug táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne Grúpa Baosteel agus Shougang Jingtang freagra ar na barúlacha sin ó EUROFER maidir le tionchar GAMS ar a gceannacháin amhiarainn agus, tar éis iarraidh a fháil ón gCoimisiún, chuir siad tuilleadh faisnéise ar fáil maidir leis na ceannacháin sin agus maidir lena dtéarmaí conartha.

(53) Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún faoi deara go raibh moill ar an maíomh sna himeachtaí, rud nár thug dóthain ama chun imscrúdú cuí a dhéanamh ar na líomhaintí a rinneadh. Ba é 37 lá ó lá a fhoilsithe an sprioc-am san Fhógra Tionscnaimh le haghaidh barúlacha maidir le saobhadh suntasach.

(54) Léirigh an fhianaise a bailíodh ina dhiaidh sin ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte go raibh baint ag GAMS go deimhin le cuid de na comhaontuithe soláthair amhiarainn a síníodh idir na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus na soláthróirí ó thríú tíortha.

(55) Mar sin féin, ós rud é nach raibh GAMS ag feidhmiú go hiomlán le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ós rud é nár chuir sé tús le hoibríochtaí go luath in 2023, agus nach bhféadfadh an Coimisiún faisnéis bhreise a bhailiú agus nach bhféadfadh sé an fhaisnéis a chuir páirtithe isteach ag an gcéim dhéanach sin den imeacht a fhíorú, tháinig sé ar an gconclúid nach raibh fianaise leordhóthanach ann chun comhthacú le maíomh EUROFER.

(56) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh EUROFER arís gur cheart don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh ar thionchar GAMS ar phraghsanna amhiarainn arna bhfáil ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus gur cheart dó úsáid a bhaint as fíorais atá ar fáil faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun diúltú do na praghsanna allmhairiúcháin amhiarainn a d’íoc táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne.

(57) Chinn an Coimisiún go raibh ról GAMS i bhfoinsiú amhiarainn allmhairithe teoranta agus nach bhféadfadh sé difear suntasach a dhéanamh do phraghas ceannaigh amhiarainn allmhairithe ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte le linn an imscrúdaithe. Níor chuir Eurofer aon fhaisnéis nua ar fáil a tháinig salach ar an bhfianaise ar comhad agus, dá bhrí sin, níor tháinig aon athrú ar chonclúidí an Choimisiúin.

3.2.2. *Tír ionadaíoch*

(58) Tar éis an nochta shealadaigh, rinne EUROFER tuilleadh barúlacha maidir le roghnú na Malaeisia mar thír ionadaíoch, dúirt sé go raibh an margadh cruach go háirithe saofa ag allmhairí ón tSín, agus mar chruthúnas imscrúdú frithdhumpála leanúnach ag díriú ar tháirgí cruach comhréidh teorollta na Síne. Thug EUROFER dá aire arís go bhfuil ceanglais cheadúnúcháin ag an Malaeisia maidir le honnmhairí amhiarainn, agus go bhfuil bliain airgeadais dhifriúil ag an Malaeisia i gcomparáid leis an tSín, ó mhí Aibreáin go mí an Mhárta.

(59) D’áitigh Grúpa Baosteel gur bhain imscrúdú frithdhumpála na Malaeisia le cruach bhrataithe seachas le táirgí cruach comhréidh teorollta, ar táirgí cruach iartheachtach iad seachas ábhar ionchuir táirgí stánphlátáilte. Tionscnaíodh imscrúdú na Malaeisia freisin tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

(60) Ní dhearna EUROFER aon mholadh maidir le tír ionadaíoch eile agus d’iarr sé ar an gCoimisiún grinnscrúdú géar a dhéanamh ar na tagarmharcanna ón Malaeisia, agus orthu sin amháin, a mbaintear úsáid astu chun an gnáthluach a ríomh.

(61) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún gur tír ionadaíoch í an Mhalaeisia. Leagtar amach i roinn 3.2.3 grinnscrúdú ar na tagarmharcanna atá bunaithe ar phraghsanna allmhairiúcháin tosca táirgthe go dtí an Mhalaeisia.

(62) In éagmais aon bharúil eile maidir le rogha na tíre ionadaíche, deimhnítear aithrisí (137) go (156) den Rialachán sealadach.

([9]) http://www.cmr-co.com/whoWeAre (arna rochtain go deireanach an 28 Feabhra 2025).

3.2.3. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(63) Tar éis an nochta shealadaigh, thug EUROFER barúlacha maidir le húsáid tagarmharc na Malaeisia de phúdar amhiarainn, gual cóic, agus cruach theorollta.

(64) Ar dtús, thug EUROFER barúlacha maidir le praghas allmhairithe púdair amhiarainn isteach sa Mhalaeisia, agus dúirt go raibh an praghas sin níos ísle ná an praghas in innéacsanna eile, lena n-áirítear innéacs Platts (CL IODEX na Síne 62 % FE).

(65) Mar sin féin, níor chuir EUROFER aon fhianaise ar fáil go raibh praghas allmhairithe an amhiarainn isteach sa Mhalaeisia saofa nó go raibh an praghas agus an chainníocht a allmhairíodh sa Mhalaeisia neamhionadaíoch, díreach go raibh innéacs Platts níos airde. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(66) Ina theannta sin, d'áitigh EUROFER gur dhiúltaigh an Coimisiún san imscrúdú frithdhumpála maidir le táirgí cruach crómbhrataithe leictrealaíoch úsáid a bhaint as na praghsanna ceannaigh iarbhír le haghaidh amhiarainn ag an nGrúpa Baosteel, toisc gur chinn sé go raibh tionchar ag an ngaol idir a chuideachtaí comhlachaithe agus/nó ag an saobhadh suntasach atá i réim sa tSín ar phraghsanna ceannaigh Grúpa Baosteel ([10]).

(67) Luaigh EUROFER freisin torthaí an Choimisiúin san imscrúdú frithdhumpála maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, inar tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh difear déanta ag tionchar an rialtais d'amhiarann ([11]).

(68) San imscrúdú a bhaineann le táirgí cruach crómbhrataithe leictrealaíoch, chinn an Coimisiún nár allmhairigh Grúpa Baosteel go díreach, ach trí chuideachta chomhlachaithe atá bunaithe i Hong Cong. Fuarthas amach nárbh amhlaidh a bhí sé san imscrúdú seo.

(69) Ní raibh torthaí an imscrúdaithe maidir le táirgí cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní infheidhme anseo, ós rud é gur fhoinsigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a n-amhiarann go díreach ó fhoinsí lasmuigh den tSín. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don maíomh.

(70) Dúirt EUROFER ansin go raibh tagarmharc na Malaeisia maidir le gual cóic níos ísle ná innéacs Platts ('Prem Low Vol HCC FOB Aus').

(71) Níor soláthraíodh aon fhianaise ar shlí eile chun a thaispeáint go raibh an praghas allmhairiúcháin isteach sa tír ionadaíoch saofa nó nach raibh sé ionadaíoch, agus mar sin dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh, agus níor athraíodh an tagarmharc sin.

(72) Thug EUROFER barúil freisin maidir le húsáid an innéacs 'Corna teorollta cruach (de thionscnamh na Seapáine, na Cóiré, na Téaváine), allmhairiú, CL Vítneam' ó Fastmarkets mar thagarmharc do chruach theorollta, agus dúirt sé go raibh an t-innéacs ar baineadh úsáid as níos ísle ná meán na n-innéacsanna eile a chuir EUROFER ar fáil ó MEPS agus go bhféadfadh allmhairí ón tSín praghsanna allmhairiúcháin isteach i Vítneam a shaobhadh, mar a léirítear le tionscnamh imscrúdaithe frithdhumpála i gcoinne allmhairí táirgí cruach comhréidh teorollta ón tSín.

(73) D'áitigh EUROFER freisin go bhfuil imscrúdú frithdhumpála leanúnach an Choimisiúin maidir le táirgí cruach cothroma teorollta ó Vítneam ag fiosrú an ann do shaobhadh amhábhar i Vítneam a bhaineann le gual agus amhiarann.

(74) Mar sin féin, ós rud é nach raibh allmhairí ón tSín isteach i Vítneam san áireamh sa tagarmharc ó Fastmarkets agus nár chuir EUROFER fianaise ar fáil chun a thaispeáint go raibh praghsanna allmhairiúcháin ón tSeapáin, ón gCóiré agus ón Téaváin saofa, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2247 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí táirgí cruach le crómbhrataithe leictrealaíoch de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Brasaíle, AE (IO L 295 an 16.11.2022, lch. 7), aithrisí (61) go (62).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/58 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na Seapáine, Phoblacht na Cóiré, Chónaidhm na Rúise agus Stát Aontaithe Mheiriceá tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 10, 17.1.2022, lch. 17), aithrisí (138) go (141).

(75) Tar éis an nochta deiridh, d'iarr EUROFER arís ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar thagarmharcanna éagsúla níos airde a úsáid le haghaidh púdar amhiarainn, gual cóic, agus cruach comhréidh theorollta.

(76) Ós rud é nár sholáthair EUROFER aon fhaisnéis nua a thabharfadh le fios go raibh na tagarmharcanna a úsáideadh saofa, go raibh siad i bhfad níos ísle ná innéacsanna idirnáisiúnta eile a chuir EUROFER isteach agus ar an gcúis sin amháin, líomhnaítear go raibh sé saofa, diúltaíodh do na maímh sin.

(77) Tar éis an nochta shealadaigh, rinne an grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin Grúpa Baosteel barúlacha maidir leis an tagarmharc le haghaidh millíní amhiarainn agus gual gáis.

(78) Maidir leis an tagarmharc le haghaidh millíní amhiarainn, dúirt Grúpa Baosteel go raibh an tagarmharc sin thar a bheith ard, agus nárbh fhéidir go bhféadfadh praghas millíní amhiarainn a bheith níos airde ná an praghas ar chornaí teorollta, ar táirge iartheachtach é.

(79) D'easaontaigh an Coimisiún leis sin mar chúis leis an tagarmharc a dhiúltú, tagarmharc atá bunaithe ar phraghas neamhshaofa na n-allmhairí isteach sa Mhalaeisia i gcainníochtaí suntasacha. Níor soláthraíodh aon fhianaise ar shlí eile chun a thaispeáint go raibh an praghas allmhairiúcháin isteach sa tír ionadaíoch saofa nó nach raibh sé ionadaíoch.

(80) Níor tháinig an Coimisiún ar aon fhianaise ach oiread go léireofaí le comparáid idir an tagarmharc le haghaidh millíní amhiarainn ag úsáid praghsanna allmhairiúcháin isteach sa Mhalaeisia agus an tagarmharc le haghaidh cornaí teorollta ag úsáid an innéacs ó Fastmarkets go raibh ceachtar den dá thagarmharc saofa.

(81) D'iarr Grúpa Baosteel ar an gCoimisiún tagarmharcanna malartacha a mheas seachas an praghas allmhairiúcháin ón Malaeisia. Áiríodh orthu sin trí innéacs a d'fhoilsigh Platts don tréimhse imscrúdúcháin, is é sin FOB Tubarão (an Bhrasaíl); CL Thuaisceart na Síne agus Praghas Conartha Mhillíní Amhiarainn Imchuach an Atlantaigh Onnmhairiúcháin SAB na Brasaíle. Léirigh na trí innéacs praghas níos ísle ná praghas na n-allmhairí isteach sa Mhalaeisia.

(82) Ó tharla nár soláthraíodh aon fhianaise ar shlí eile chun a thaispeáint go raibh an praghas allmhairiúcháin isteach sa tír ionadaíoch saofa nó nach raibh sé ionadaíoch, diúltaíodh don mhaíomh.

(83) Tar éis an nochta deiridh, d'iarr Baosteel Group arís ar an gCoimisiún an tagarmharc le haghaidh millíní amhiarainn a athrú toisc gur mheas siad go raibh sé ró-ard i ndáil le hinnéacsanna idirnáisiúnta eile a chuir Baosteel Group isteach tar éis an nochta shealadaigh, agus chomh maith leis sin i ndáil leis an tagarmharc le haghaidh cornaí teorollta ar táirge iartheachtach é ó mhillíní amhiarainn.

(84) Mar mhalairt air sin, d'iarr Baosteel Group ar an gCoimisiún an tagarmharc le haghaidh millíní amhiarainn a ríomh trí úsáid a bhaint as an modh chun an tagarmharc le haghaidh seachtháirgí a ríomh, is é sin trí chóimheas idir millíní amhiarainn agus cornaí teorollta a úsáid.

(85) Dhiúltaigh an Coimisiún arís don chéad argóint, toisc nár chuir Baosteel Group aon fhianaise ar fáil go raibh an tagarmharc a úsáideadh saofa.

(86) Thug an Coimisiún dá aire gur dhiúltaigh sé ag an gcéim shealadach do thagarmharc na Malaeisia maidir le cornaí teorollta, bunaithe ar phraghsanna allmhairiúcháin, agus gur chuir sé innéacs ó Fastmarkets ina ionad.

(87) In aithris (171) den Rialachán sealadach mhínigh an Coimisiún gur thug an chomparáid idir praghas allmhairiúcháin cruach fuar-rollta agus cruach teorollta isteach sa Mhalaeisia le fios go bhféadfadh sé nach mbeadh an praghas allmhairiúcháin cruach theorollta ionadaíoch.

(88) Níor sholáthair Baosteel Group aon fhianaise, áfach, go bhfágfadh comparáid idir praghas allmhairiúcháin millíní amhiarainn go dtí an Mhalaeisia agus innéacs Fastmarket le haghaidh cornaí teorollta go mbeadh praghas allmhairiúcháin millíní amhiarainn neamhionadaíoch.

(89) Ar an dara dul síos, dhiúltaigh an Coimisiún don rogha an tagarmharc a ríomh le haghaidh millíní amhiarainn trí úsáid a bhaint as an modh le haghaidh seachtháirgí nach dtrádáiltear ná nach n-allmhairítear isteach sa tír ionadaíoch, toisc go ndearnadh millíní amhiarainn a thrádáil agus a allmhairiú i gcainníochtaí suntasacha.

(90) Ar an dara dul síos, rinne Grúpa Baosteel trácht ar an tagarmharc do ghual gáis, agus dúirt sé nárbh fhéidir go mbeadh an praghas ar ghual gáis níos airde ná gual cóic agus go raibh an praghas allmhairiúcháin isteach sa Mhalaeisia thar a bheith ard. D'iarr Baosteel ar an gCoimisiún tagarmharcanna malartacha a mheas, mar shampla, praghsanna ag calafoirt na hAstráile, calafoirt Eorpacha nó an tagarmharc ó Metal Bulletin, a úsáidtear san imscrúdú frithdhumpála a bhaineann le táirgí cruach crómbhrataithe leictrealaíoch ([12]).

(91) Shuigh an Coimisiún go ndearnadh cainníochtaí suntasacha de ghual cóic a allmhairiú isteach sa Mhalaeisia. Ós rud é nár soláthraíodh aon fhianaise ar shlí eile chun a thaispeáint go raibh an praghas allmhairiúcháin isteach sa tír ionadaíoch saofa nó nach raibh sé ionadaíoch, nó nár léirigh an tagarmharc an gual cóic a d'úsáid na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, diúltaíodh don mhaíomh.

(92) Tar éis an nochta shealadaigh, thug Shougang Jingtang barúlacha maidir le tagarmharc an phúdair amhiarainn, agus na dramhchruach.

(93) D'áitigh Shougang Jingtang gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as tagarmharc an an phúdair amhiarainn sa Mhalaeisia chun costais na méine a ceannaíodh ar bhonn intíre agus a d'ídigh sé a ríomh, seachas an praghas a íocadh ar an amhiarann a d'allmhairigh an chuideachta a chur ina ionad.

(94) Ghlac an Coimisiún leis an maíomh agus chuir sé an tagarmharc a fuarthas sa Mhalaeisia in ionad na gcostas a bhaineann le púdar amhiarainn a ceannaíodh ar bhonn intíre.

(95) Maidir le dramhchruach, chuir Shougang Jingtang in iúl gur áiríodh dramhchruach athchúrsáilte sa dramhchruach a úsáideadh mar thoisc tháirgeachta, ar cheart don Choimisiún an tagarmharc a ríomh sé don dramhchruach seachtháirge a úsáid ina leith.

(96) Ós rud é nár thug Shougang Jingtang úsáid dramhchruach athchúrsáilte mar thoisc tháirgeachta ar leithligh ina fhreagra ar an gceistneoir ná le linn na cuairte fíorúcháin, ní raibh an Coimisiún in ann tomhaltas dramhchruach a fhíorú ar an leibhéal gráinneach sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(97) Ag an nochtadh deiridh, d'iarr Shougang Jingtang arís go bhféadfadh an Coimisiún an toisc tháirgeachta a roinnt ina fhuíoll íon agus fuíoll athchúrsáilte, d'ainneoin nár chuir an chuideachta an deighilt sin isteach in aon cheann dá haighneachtaí, nó nár fíoraíodh í le linn na cuairte fíorúcháin, toisc go raibh na sonraí de réir na cuideachta a bhí ar fáil mar chuid den fhreagra ar an gceistneoir.

(98) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an taispeántas don fhreagra bunaidh ar an gceistneoir ó Shougang Jingtang ar thagair an chuideachta dó, agus níor aimsigh sé aon fhaisnéis ann a cheadódh an toisc tháirgeachta sin a roinnt ina fuíoll íon agus fuíoll athchúrsáilte. Cuireadh an taispeántas sin ar fáil mar fhaisnéis bhunúsach don tábla ar chostas na monaraíochta, ach sa tábla sin ní dhearnadh aon idirdhealú idir fuíoll íon agus fuíoll athchúrsáilte.

(99) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún diúltú don mhaíomh sin, ós rud é gur cheart don chuideachta a thabhairt dá haire gur gá an toisc tháirgeachta sin a roinnt sa tábla ceart le linn chur isteach an fhreagra ar an gceistneoir, an phróisis easnaimh, nó le linn fhíorú an fhreagra ar an gceistneoir agus gur chinn sí gan déanamh amhlaidh.

3.2.4. *Costais SGA agus brabúis*

(100) Tar éis an nochta shealadaigh, mhol EUROFER go n-athrófaí foinse na gcostas SGA agus brabúis chuig cuideachta a bhfuil a gníomhaíochtaí níos gaire do ghníomhaíochtaí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin agus mhol sé Leader Steel Holdings Berhad ([13]). D'áitigh Shougang Jingtang freisin nár tháirg an chuideachta a aimsíodh sa tír ionadaíoch, Alliance Steel (M) Sdn Bhd, an táirge faoi imscrúdú.

(101) Rinne an Coimisiún anailís ar chuntais Leader Steel Holdings Berhad agus fuair sé amach go bhfuil an brabús bunaithe beagnach go hiomlán ar ioncam eile seachas ar ioncam ó ghníomhaíocht ghnó na cuideachta féin. Dá bhrí sin, ní raibh méid réasúnta le haghaidh brabúis i sonraí airgeadais na cuideachta agus diúltaíodh dóibh.

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cruach crómbhrataithe leictrealaíoch de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Brasaíle. (IO L 143, 23.5.2022, lch. 11), Tábla 2.

([13]) https://leadersteel.my/wp-content/uploads/2024/05/LEAS02-Annual-Report-2023.pdf.

(102) Ag an nochtadh deiridh, d'iarr EUROFER arís go n-úsáidfí sonraí ó Leader Steel Holdings Berhad, agus d'áitigh sé gur ó ghníomhaíochtaí gnó na cuideachta a díorthaíodh an brabús sna cuntais do 2023.

(103) Mar sin féin, léirigh cuntas brabúis agus caillteanais 2023 de chuid Leader Steel Holdings Berhad mar a foilsíodh ar a shuíomh gréasáin é go bhfuil brabús an Ghrúpa ar an leibhéal céanna lena n-ioncam neamhghnó agus nach bhféadfaí, dá bhrí sin, é a mheas mar bhrabús ar leibhéal réasúnta. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh EUROFER.

(104) Mar a leagtar amach in aithris (199) den Rialachán sealadach, d'admhaigh an Coimisiún nár tháirg an chuideachta a fuarthas sa Mhalaeisia an táirge faoi imscrúdú. Mheas an Coimisiún, áfach, go ndearnadh foráil lena shonraí airgeadais maidir le méid réasúnta neamhshaofa de chostais SGA agus brabús ó Alliance Steel (M) Sdn. Táirgeoir den chatagóir ghinearálta chéanna táirgí ab ea Bhd agus an táirge a bhí faoi imscrúdú, i.e. táirgí cruach.

(105) Dúirt Grúpa Baosteel freisin nach raibh bliain airgeadais na Malaeisia ag teacht le tréimhse imscrúdúcháin an Choimisiúin. Mar sin féin, níor chuir siad aon fhianaise ar fáil chun a thaispeáint nach mbeadh na sonraí airgeadais a úsáideadh iomchuí lena n-úsáid.

3.2.5. *Ríomh*

(106) Tar éis an nochta shealadaigh, d'iarr Shougang Jingtang go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú ar chóimheasa tomhaltais na cuideachta a úsáidtear chun a ngnáthluach a ríomh, ós rud é go raibh siad sin, trí earráid, thar a bheith ard. De réir na cuideachta, ba é ba chúis leis sin saincheist theicniúil sa bhileog oibre costais a bhain le ceann de na míonna sa tréimhse imscrúdúcháin.

(107) Diúltaíodh don iarraidh sin, toisc gurbh iad na cóimheasa tomhaltais a úsáideadh sna ríomhanna na cóimheasa tomhaltais a chuir an chuideachta isteach ina fhreagra bunaidh ar an gceistneoir, le linn an phróisis easnaimh agus gur fíoraíodh iad le linn na cuairte fíorúcháin ar a monarcha. Níorbh fhéidir na cóimheasa athbhreithnithe a chuir Shougang Jingtang isteach a fhíorú ná a nascadh leis na doiciméid a cuireadh isteach leis an gceistneoir nó leis an bhfreagra easnaimh nó leis na foilseáin a tógadh le linn an fhíorúchán.

(108) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Shougang Jingtang a iarraidh ar choigeartú ar na cóimheasa tomhaltais a fíoraíodh le linn na cuairte fíorúcháin. Mhaígh Shougang Jingtang nach raibh aon oibleagáid ar an gCoimisiún an fhaisnéis sin a fhíorú agus go bhféadfadh an Coimisiún a fháil amach ó na cuntais ón ngrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte eile go raibh corrlach dumpála Shougang ró-ard.

(109) Dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh arís ar na cúiseanna céanna a luaitear in aithris (107). Ba é cuspóir an phróisis fíorúcháin a áirithiú gur mheaitseáil na sonraí a chuir an chuideachta isteach na sonraí ina dtaifid chuntasaíochta costála, agus go raibh na sonraí ag teacht lena chéile. Níor chuir Shougang aon fhianaise nua ar fáil tar éis an nochta deiridh.

(110) D'áitigh Shougang Jingtang freisin nár cheart aon chostas iompair intíre a chur lena phraghsanna allmhairiúcháin amhiarainn ós rud é gur áiríodh costais iompair intíre leo sin. Go deimhin, i gcás ina bhféadfadh an chuideachta aird a tharraingt ar shonraí fíoraithe maidir le costais iompair intíre a cuireadh go mícheart lena gcóimheasa tomhaltais, baineadh na costais sin.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(111) Tar éis an nochta shealadaigh, fuair an Coimisiún barúlacha maidir le ríomh an phraghais onnmhairiúcháin ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte go léir.

(112) Thug Shougang Jingtang dá aire gur chuir siad CBL 6 % san áireamh i roinnt lamháltas a éilíodh ar liostú díolacháin a chuideachta chomhlachaithe Shougang International agus d'iarr sé go mbainfí an CBL sin. Glacadh leis an maíomh sin, agus athbhreithníodh na liúntais dá réir sin.

(113) Thug Grúpa Baosteel dá aire go ndearna an Coimisiún asbhaint dhúbailte agus an praghas onnmhairiúcháin á ríomh trí Baosteel Italia faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Seiceáladh é sin agus rinneadh ceartúchán chun an asbhaint dhúbailte a bhaint.

3.4. **Comparáid**

(114) Mhaígh Shougang Jingtang nach raibh an coigeartú a rinneadh ag an gcéim shealadach ar an bpraghas onnmhairiúcháin faoi Airteagal 2(10)(i) dá chuideachta chomhlachaithe i Hong Cong ('Shougang Hong Kong') comhoiriúnach leis na ceanglais in Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán.

(115) D'áitigh Shougang Jingtang gur ghníomhaigh Shougang International, máthairchuideachta Shougang Hong Kong, mar ghníomhaire sonrasctha díolacháin do Shougang Jingtang agus gurbh é feidhm Shougang Hong Kong na hidirbhearta onnmhairiúcháin do Shougang International a chur i gcrích agus dá bhrí sin d'fheidhmigh Shougang Hong Kong freisin mar ghníomhaire do Shougang Jingtang. Dá bhrí sin, ba íocaíocht seirbhíse le Shougang International agus Shougang Hong Kong araon iad na táillí coimisiúin a d'íoc Shougang Jingtang le Shougang International, agus ba cheart don Choimisiún na táillí coimisiúin a d'íoc Shougang Jingtang le Shougang International a asbhaint ón bpraghas onnmhairiúcháin agus gan aon choigeartú breise a dhéanamh.

(116) Thug an Coimisiún faoi deara gur admhaigh Shougang Jingtang ina mbarúlacha go ndearna Shougang International agus Shougang Hong Cong araon feidhmeanna atá cosúil le feidhmeanna gníomhairí atá ag obair ar bhonn coimisiúin agus gur chuir siad i gcoinne mhéid na gcoigeartuithe, agus ina choinne sin amháin, a bhí le déanamh.

(117) Maidir leis an dara ceann, d'aontaigh an Coimisiún leis an táirgeoir onnmhairiúcháin go raibh feidhmeanna na n-eintiteas dlíthiúil atá i gceist comhlántach. Mar sin féin, ní raibh aon fhianaise sa chomhad a léirigh gur chumhdaigh táille an choimisiúin a bhí sa chonradh idir Shougang Jingtang agus Shougang International thar aon amhras na híocaíochtaí seirbhíse le Shougang International agus Shougang Hong Kong araon agus, in aon chás, gur íocaíocht idir dhá eintiteas chomhlachaithe a bhí sa mhéid sin agus go ndearna an caidreamh idir an dá eintiteas difear d'iontaofacht an mhéid a bhí le hasbhaint.

(118) Dá bhrí sin, chainníochtaigh an Coimisiún an méid le haghaidh coimisiúin lena gcumhdaítear na feidhmeanna ábhartha a dhéanann Shougang International agus Shougang Hong Kong bunaithe ar a gcostais SGA faoi seach agus ar bhrabús ainmniúil a mbeadh coinne leis go nginfeadh gníomhaire a dhéanann na feidhmeanna sin é. Asbhaineadh méid a bunaíodh amhlaidh ón bpraghas onnmhairiúcháin bunaithe ar Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán.

3.5. **Corrlaigh dhumpála**

(119) Mar a thuairiscítear thuas tar éis maímh ó pháirtithe leasmhara, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na corrlaigh dhumpála le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Leis na hathbhreithnithe sin, athraíodh freisin an corrlach le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte agus leibhéal na dleachta ar fud na tíre.

(120) Seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha arna sloinneadh ina gcéatadáin den phraghas costais, árachais agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Grúpa Baosteel: Baoshan Iron and Steel Co., Ltd. WISCO-Nippon Steel Tinplate Co., Ltd.	13,1 %
Shougang Jingtang United Iron & Steel Co., Ltd.	46,7 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	24,5 %
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	62,3 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(121) In éagmais aon bharúil, deimhníodh aithrisí (228) agus (229) den Rialachán sealadach.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(122) Tar éis an nochta shealadaigh, dúirt CICS nach n-aontaíonn sé le conclúidí an Choimisiúin maidir le tomhaltas an Aontais ó aithrisí (230) go (236) den Rialachán sealadach. Mar sin féin, níor bhain a argóintí ach leis an gcinneadh sealadach gan anailís ar leithligh a dhéanamh ar an saormhargadh agus ar an tomhaltas faoi chuing, mar sin ní bhaineann siad ach le haithrisí (232) go (234).

(123) I ndáil leis sin, leag CICS béim ar dhlí-eolaíocht EDT ([14]) lenar bunaíodh an gá atá le húdaráis imscrúdúcháin anailís oibiachtúil a dhéanamh ar gach cuid de thionscal. Dá bhrí sin, d'iarr CICS ar an gCoimisiún an locht sin a leigheas agus na hanailísí ar mhargaí faoi chuing agus ar shaormhargaí a dheighilt.

(124) Thug an Coimisiún dá aire nach ndearna CICS iarracht fiú a mhíniú cén fáth a mbeadh cinneadh an Choimisiúin gan anailís ar leithligh a dhéanamh ar an dá dheighleog sin de na margaí lochtach. Mar a luaitear go soiléir sna míreanna céanna sa chásdlí a luaigh CICS: "*... mar mhalairt air sin, ba cheart do na húdaráis imscrúdúcháin míniú sásúil a thabhairt ar an bhfáth nach gá scrúdú a dhéanamh go díreach nó go sonrach ar chodanna eile den tionscal intíre.*" ([15])

(125) Chuige sin, leagadh amach go soiléir in aithrisí (233) agus (234) den Rialachán sealadach nár mheas an Coimisiún gur ghá idirdhealú a dhéanamh idir margaí faoi chuing agus saormhargaí toisc, ar an gcéad dul síos, nach raibh aon difríocht in iompar an dá mhargadh, agus, ar an dara dul síos, b'ionann an margadh faoi chuing agus thart ar 1 % den saormhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Thug CICS neamhaird iomlán ar an réasúnaíocht seo.

(126) Dá bhrí sin, in éagmais aon argóint chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh CICS agus cloígh sé lena thorthaí ó aithrisí (230) go (236) den Rialachán sealadach.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Líon agus sciar margaidh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(127) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir CICS i gcoinne chonclúidí an Choimisiúin maidir le ról na n-allmhairí ón tSín chun díobháil ábhartha a dhéanamh do thionscal an Aontais, conclúidí a fhaightear in aithrisí (237) go (240) den Rialachán sealadach. Go bunúsach, rinne CICS athrá ar thorthaí an Choimisiúin maidir leis an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 agus ag an gcur isteach ar thrádáil mhuirí ar fhorás an éilimh san Aontas agus ar mhéideanna na n-allmhairí ón tSín araon. D'áitigh CICS, áfach, gur léirigh an treocht ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin filleadh ar ghnáthphatrúin trádála agus athchothromú ar mhargadh suaite in ionad staid a rinne díobháil do thionscal an Aontais.

(128) Chuir an Coimisiún i dtábhacht go ndearnadh measúnú in aithrisí (237) go (240) den Rialachán sealadach ar chainníochtaí agus sciartha margaidh na n-allmhairí ón tSín, seachas ar an nasc cúisíoch eatarthu agus ar an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Ar an taobh eile, ó thaobh substainte de, níor chuir barúlacha CICS i gcoinne chonclúidí an Choimisiúin ó na haithrisí sin.

(129) Dá bhrí sin, in éagmais maímh atá contrártha leis sin, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí ó aithrisí (237) go (240) den Rialachán sealadach.

([14]) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, *Na Stáit Aontaithe – Bearta Frithdhumpála ar Tháirgí Cruach Teorollta Áirithe ón tSeapáin*, WT/DS184/AB/R, arna glacadh an 24 Iúil 2001, míreanna 204-207.

([15]) *Ibid*, mír 204.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(130) Mhaígh CICS nach ndearna an Coimisiún measúnú cruinn oibiachtúil ar threochtaí praghsála in aithrisí (241) go (250) den Rialachán sealadach. D'áitigh CICS gur tháinig méadú ar phraghsanna allmhairiúcháin na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus, dá bhrí sin, gur laghdaigh siad an fhéidearthacht maidir le sladghearradh praghsanna.

(131) Mhaígh CICS freisin gur chuir an Coimisiún cúngú agus sochtadh praghsanna go simplí i leith allmhairí ón tSín in ionad a mheas go raibh an costas táirgthe atá ag ardú mar mhór-rannchuiditheoir.

(132) Go deimhin, léiríodh i dTábla 4 den Rialachán sealadach gur tháinig méadú 36 % ar phraghsanna na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, mar a leagtar amach i dTábla 8 den Rialachán sealadach, tháinig méadú níos mó fós ar chostas táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse sin, méadú 64 %. Dá bhrí sin, ba é an chonclúid a bhí ag CICS go raibh acmhainneacht laghdaithe ag an bpraghas méadaithe in allmhairí ón tSín maidir le sochtadh praghsanna nó sladghearradh praghais mícheart go fíorasach. D'aithin CICS féin gur aimsíodh sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a bhí praghsanna na Síne níos airde ná mar a bhí in 2020 nó 2021, ag tacú le conclúidí an Choimisiúin ina leith sin.

(133) In aithris (277) den Rialachán sealadach, mhínigh an Coimisiún go raibh meánphraghsanna díola thionscal an Aontais fós faoi bhun na meánchostas táirgthe i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú seachas 2022, rud a d'fhéadfaí a chur i leith sochtadh praghsanna agus ísliú praghsanna i mblianta éagsúla den tréimhse faoi bhreathnú, lena n-áirítear an tréimhse imscrúdúcháin.

(134) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maíimh thuas a bhí gan bhunús agus dheimhnigh sé a chonclúidí ó aithrisí (241) go (250) den Rialachán sealadach.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(135) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (251) go (254) den Rialachán sealadach.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(136) Tar éis an nochta shealadaigh, cheistigh Trivium cruinneas chonclúidí an Choimisiúin maidir le hacmhainneachtaí táirgeachta atá ar fáil san Aontas. Go sonrach, mheas siad gur dócha gur figiúirí teoiriciúla iad figiúirí acmhainneachta, ós rud é go mbeadh gá le hionchuir bhreise ó ghnó cruach réamhtheachtach agus ag tosú ar línte díomhaoine chun an t-aschur táirgeachta sin a bhaint amach.

(137) Dúirt Trivium freisin gur chuir ceann de na táirgeoirí neamhshampláilte de chuid an Aontais, Liberty Liege Dudelange ('Liberty') stop leis an táirgeadh ina ghléasra in Liège na Beilge, agus nach raibh gléasra Acciaierie d'Italia in Genoa na hIodáile ('Acciaierie') ag feidhmiú go hiomlán le roinnt blianta anuas mar gheall ar dheacrachtaí airgeadais.

(138) Ar deireadh, chuir Trivium i dtábhacht nár cheart acmhainneacht ghléasraí na Ríochta Aontaithe ('an Ríocht Aontaithe') a áireamh i dtreo acmhainneacht an Aontais ós rud é nach raibh an Ríocht Aontaithe ina Ballstát ó 2021 i leith agus chuir sé in iúl go raibh cliseadh ar an líne tháirgthe le haghaidh cruach crómbhrataithe leictrealaíoch ('CBCL') i gcás ceann de tháirgeoirí an Aontais. Ós rud é gur minic a bhaintear úsáid as CBCL agus táirgí stánphlátáilte sna feidhmeanna céanna (go háirithe táirgeadh cannaí bia), bhí éileamh méadaithe ar tháirgí stánphlátáilte san Aontas mar thoradh air sin.

(139) Chuir EUROFER i gcoinne na n-argóintí a chuir Trivium in iúl, agus thug sé samplaí de ráitis phoiblí Liberty ó 2024, ([16]) lena léirítear go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag Liberty ar a chuid oibríochtaí agus é mar aidhm aige athstruchtúrú nó dífheistiú féideartha a dhéanamh ina shaoráidí, rud a léiríonn go bhféadfadh acmhainneachtaí díomhaoine a bheith ar fáil arís. Dúirt EUROFER freisin, fiú mura mbeadh sé sin amhlaidh agus dá ndúnfaí na saoráidí go hiomlán, nach mbeadh tionchar fóinteach gearrthéarmach aige sin ar infhaighteacht an tsoláthair, ós rud é nach bhfuil in Liberty ach sciar beag d'acmhainneacht iomlán an Aontais.

(140) Rinne EUROFER maíomh den chineál céanna maidir le gléasra Acciaierie in Genoa, ag tagairt do phreaseisiúintí a léiríonn go raibh sé fós ag táirgeadh in 2023. ([17])

(141) Mheabhraigh an Coimisiún ina leith sin nach mbaineann an t-imscrúdú ach le tionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán, agus go gcaitear leis an Ríocht Aontaithe mar thríú tír. Ar an gcaoi chéanna, ní chumhdaítear leis an imscrúdú seo ach an táirge faoi imscrúdú mar a shainmhínítear i Roinn 2 den Fhógra Tionscnaimh ([18]). Dá bhrí sin, ní áirítear sna figiúirí acmhainneachta na hacmhainneachtaí sin a fhaightear sa Ríocht Aontaithe, ná acmhainneachtaí an Aontais a bhaineann le táirgeadh CBCL.

(142) Mheabhraigh an Coimisiún freisin gur sholáthair táirgeoirí an Aontais féin figiúirí acmhainneachta i dTábla 5 den Rialachán sealadach; go sonrach, an freagra ar an macraicheistneoir, a d'fhíoraigh an Coimisiún ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

(143) Dá bhrí sin, tagann na figiúirí acmhainneachta ó shonraí fíoraithe agus níor tugadh aon fhianaise ar aghaidh a chaithfeadh amhras ar chruinneas na bhfigiúirí sin.

(144) Dheimhnigh an Coimisiún gur cuireadh sciar leordhóthanach d'acmhainneacht Liberty agus Acciairie d'Italia leis na figiúirí acmhainneachta iomláine freisin. Cé gur laghdaigh nó gur chiorraigh na cuideachtaí sin an táirgeadh le linn na tréimhse lena mbaineann, ní chiallaíonn sé sin nach ann don acmhainneacht sin. De réir mar is fearr is eol don Choimisiún, agus mar a chuir EUROFER in iúl, níor díchóimeáladh na línte táirgthe agus d'fhéadfaí, i bprionsabal, iad a atosú dá dtiocfadh feabhas ar dhálaí an mhargaidh ([19]). Ba cheart, dá bhrí sin, iad a áireamh i dtreo acmhainneacht táirgeachta iomlán san Aontas.

(145) Thairis sin, is ionann acmhainneacht táirgeachta an dá chuideachta sin le chéile agus [250-350] míle tona in aghaidh na bliana. Dá bhrí sin, fiú mura n-áireofaí iad faoi chomhair acmhainneacht iomlán an Aontais, ní dhéanfadh sé sin athrú substainteach ar chonclúid an Choimisiúin in aithris (383) den Rialachán sealadach ar chuir Trivium ina choinne. Is é sin, fiú leis an laghdú sin, sháródh acmhainneacht iomlán an Aontais éileamh iomlán an Aontais faoi [650-750] míle tona fiú sa bhliain éilimh is airde in 2020, rud a léiríonn nach bhfuil aon riosca ann go mbeidh ganntanas soláthair ann.

(146) Ar bhonn an mhéid thuas, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh a d'ardaigh Trivium toisc iad a bheith gan bhunús agus dheimhnigh sé na conclúidí ó aithrisí (255) go (257) den Rialachán sealadach.

(147) Tar éis an nochta deiridh, líomhain CICS gur theip ar an gCoimisiún idirdhealú a dhéanamh idir acmhainneacht ainmniúil agus úsáid iarbhír acmhainneachta nó ullmhacht oibríochtúil, rud a thug léargas míthreorach i ndáil le hinfhaighteacht an tsoláthair san Aontas. Chuir CICS i dtábhacht gur aithin Liberty go poiblí an gá atá le hathstruchtúrú nó dífheistiú, agus gur cuireadh bac ar oibríochtaí Acciaierie mar gheall ar dheacrachtaí airgeadais atá ann le fada. Dá bhrí sin, chun na saoráidí sin a chur i mbun táirgeadh iarbhír, bheadh gá le caipiteal substaintiúil, am, próisis rialála a chuireann srian le hinfhaighteacht fíorshaoil na hacmhainneachta táirgeachta san Aontas.

([16]) Féach: https://libertysteelgroup.com/liberty-triggers-strategic-review-of-western-european-downstream-businesses/ (arna rochtain go deireanach an: 10 Márta 2025).

([17]) Féach: https://www.steelradar.com/en/haber/acciaierie-ditalia-produced-3-million-steels-in-2023/ (arna rochtain go deireanach an: 10 Márta 2025).

([18]) IO C, C/2024/3112, 16.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3112/oj.

([19]) Cé go dtugtar le fios i bhfoilseacháin níos déanaí go bhfuil sé beartaithe ag Acciairie táirgeadh a mhéadú in 2025, féach https://eurometal.net/acciaierie-ditalia-to-increase-taranto-production-this-year/ (arna rochtain go deireanach an: 10 Márta 2025).

(148) Níor mhaígh an Coimisiún riamh go bhfuil na hacmhainneachtaí sin ar fáil láithreach lena dtáirgeadh. Ina ionad sin, mar a leagtar amach cheana in aithris (145) thuas, cé nach raibh táirgí stánphlátáilte á dtáirgeadh ag na saoráidí sin faoi láthair, d'fhéadfaí, i bprionsabal, iad a atosú dá dtiocfadh feabhas ar dhálaí an mhargaidh, fiú dá mbeadh roinnt ama i gceist leis an bpróiseas sin.

(149) Ina theannta sin, mar a chuir an Coimisiún in iúl cheana in aithris (144), fiú gan gléasraí Liberty agus Acciaierie a chur san áireamh, sháródh acmhainneacht iomlán an Aontais éileamh iomlán an Aontais faoi [650-750] míle tona fiú sa bhliain éilimh is airde in 2020, rud a léiríonn nach bhfuil aon riosca ann go mbeidh ganntanas soláthair ann.

(150) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh CICS.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(151) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh Steelforce gur léirigh an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais méadú beag idir 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin, rud a thug le fios gur cothromaíodh an treocht agus a thug le fios nach bhfuil sé beartaithe go leanfaidh leibhéal an laghdaithe ar an sciar den mhargadh a chonacthas le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar aghaidh amach anseo. Mhaígh Steelforce nár mhínigh an Coimisiún cén fáth ar cheart go mbeadh bonn cirt le hidirghabháil mar gheall ar mhionchreimeadh breise i margadh thionscal an Aontais amach anseo.

(152) Bhí forluí den chuid is mó idir an tréimhse imscrúdúcháin agus 2023, is é sin an tréimhse idir an 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2024. Dá bhrí sin, tá an argóint gur cothromaíodh an laghdú a bhí tagtha ar an sciar den mhargadh míthreorach agus ní féidir í a eachtarshuí go simplí amach anseo. Dá anailís, ghlac an Coimisiún an tréimhse iomlán faoi bhreathnú, inar léiríodh laghdú suntasach 14 % ar an sciar den mhargadh, agus tháinig méadú 125 % ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse céanna. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(153) In éagmais aon bharúil bhreise, deimhnítear aithrisí (258) go (260) den Rialachán sealadach.

4.4.2.3. Fás

(154) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (261) go (267) den Rialachán sealadach.

4.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(155) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (268) go (271) den Rialachán sealadach.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dhumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(156) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (272) agus (273) den Rialachán sealadach.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus fíorais lena ndéantar difear do phraghsanna

(157) I bhfianaise dhiúltú mhaímh CICS maidir le sochtadh praghsanna agus ísliú praghsanna in aithrisí (131) go (134) thuas, agus in éagmais barúlacha eile, deimhnítear aithrisí (274) go (279) den Rialachán sealadach.

4.4.3.2. Costais saothair

(158) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (280) agus (281) den Rialachán sealadach.

4.4.3.3. Fardail

(159) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (282) go (284) den Rialachán sealadach.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(160) In éagmais aon bharúil, deimhnítear aithrisí (285) go (292) den Rialachán sealadach.

4.5. **Conclúid maidir le díobháil**

(161) Chuir Steelforce in aghaidh chonclúid an Choimisiúin gur bhain díobháil do thionscal an Aontais. Chuir Steelforce in iúl go raibh sciar margaidh thionscal an Aontais fós suntasach, thart ar 70 %, agus é níos mó ná dhá oiread níos airde ná an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mhaígh Steelforce, i bhfianaise an mhéid sin, nach féidir laghdú ó 78 % go 67 % den sciar den mhargadh (i.e. faoi 11 phointe céatadáin) a mheas mar 'ábhartha' ós rud é nach dtagann meath suntasach ar fhórsaí an mhargaidh a bhí ann cheana mar thoradh air.

(162) Mhínigh Steelforce freisin, de réir Airteagal 3(1) den bhun-Rialachán, nach leor don Choimisiún aon mhéid díobhála do thionscal an Aontais a shuí, ach nach mór díobháil den sórt sin a bheith 'ábhartha'.

(163) Mheabhraigh an Coimisiún ina leith sin, cé go gceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 3(1) den bhun-Rialachán a shuí gur ann do dhíobháil ábhartha, nach sonraítear ann cathain agus conas ba cheart a mheas go gcomhlíontar caighdeán na díobhála 'ábhartha', rud a fhágann, ina ionad sin, faoi lánrogha an Choimisiúin é.

(164) Chuige sin, mheabhraigh an Coimisiún gur féidir díobháil ábhartha a shuí fiú má tá an sciar is mó de mhargadh an Aontais ag tionscal an Aontais, agus, mar a leagtar amach go sainráite in Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán, ní gá go dtabharfaí treoir chinntitheach le táscaire díobhála aonair. Go deimhin, bhreithnigh an Coimisiún na sciartha den mhargadh in éineacht leis na táscairí díobhála agus na forbairtí margaidh eile go léir agus tháinig sé ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Ar deireadh, measann an Coimisiún go bhfuil laghdú 11 phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais substaintiúil.

(165) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún d'argóint Steelforce agus dheimhnigh sé a chonclúidí ó aithrisí (293) go (305) gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

(166) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh CICS nach ndearna an Coimisiún anailís shubstainteach ar cé acu a léirigh nó nár léirigh caillteanas 11 phointe céatadáin i sciar thionscal an Aontais den mhargadh an cineál meatha shuntasaigh a cheanglaítear faoin mbun-Rialachán. Mhol CICS gur cheart comhréireacht i margadh na dtáirgí stánphlátáilte, a líomhnaítear go bhfuil sé ag laghdú agus faoi réir athruithe struchtúracha, a chur san áireamh in anailís den sórt sin.

(167) Chinn an Coimisiún gur cosúil go ndearna maímh CICS neamhaird ar fhormhór na hanailíse a rinne an Coimisiún. Mar a léirítear in aithris (164) thuas, mheas an Coimisiún go raibh laghdú 11 phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh substaintiúil. Rinneadh anailís fhairsing ar fhorbairt sciartha den mhargadh i gcomhthéacs éabhlóid táscairí eile, mar shampla, éileamh, agus fórsaí eile an mhargaidh, go háirithe in aithrisí (258) – (267), (295) – (297), (300), (303), (308) – (320), (330) – (336), agus (350) – (355) den Rialachán sealadach, agus rinneadh tuilleadh mionsaothraithe air i bhfianaise barúlacha na bpáirtithe in aithrisí (170), (176) go (182) thíos, i measc nithe eile. Dá bhrí sin, dhíbh an Coimisiún na maímh ó CISA toisc iad a bheith gan bhunús.

5. **CÚISÍOCHT**

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(168) D'áitigh CICS go raibh conclúid an Choimisiúin lochtach gurbh iad allmhairí dumpáilte ba chúis leis an díobháil. Go sonrach, mhaígh CICS nach ndearnadh an méadú ar allmhairí a chur i gcomhthéacs i gceart i bhfianaise tréimhsí trádála srianta agus éileamh méadaithe le linn phaindéim COVID-19. Líomhain CICS gur ceartúchán intuartha a bhí sa mhéadú ar mhéideanna allmhairí a phléitear in aithrisí (237) go (239) den Rialachán sealadach tar éis tréimhse trádála srianta agus éileamh méadaithe.

(169) D'athdhearbhaigh CICS a bharúlacha maidir le praghsanna allmhairí ón tSín, ag tabhairt le fios gur tháinig méadú orthu freisin le linn na tréimhse faoi bhreathnú, gan argóintí ná fianaise bhreise a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a ndéanfadh sé sin conclúidí an Choimisiúin maidir leis an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na Síne agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais a chur ó bhail.

(170) Mar sin féin, tá maímh CICS ó aithris (168) thuas go hiomlán bréagach. Chuir an Coimisiún san áireamh dálaí an mhargaidh a bhí i réim le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus chuir sé i gcomhthéacs an forás a tháinig ar mhéideanna na n-allmhairí agus sciartha den mhargadh laistigh de na coinníollacha sin, go háirithe suaitheadh sna slabhraí soláthair ([20]) agus éifeachtaí phaindéim COVID-19 ar an bhforás ar an an éileamh ([21]). Ní raibh difríocht ábhartha idir dearcadh CICS maidir le hidirghníomhú na bhfíoras sin agus na conclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu.

(171) Ar an gcaoi chéanna, chuir an Coimisiún in iúl go ndearnadh anailís cheana féin in aithrisí (241) go (250) agus (319) go (320) den Rialachán sealadach ar an bhforás ar phraghsanna allmhairí ón tSín agus ar a idirghníomhú leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(172) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún d'argóintí CICS agus chloígh sé lena chonclúidí ó aithrisí (307) go (320) den Rialachán sealadach.

5.2. **Éifeachtaí fíoras eile**

5.2.1. *Tomhaltas*

(173) D'áitigh Steelforce go bhfuil an laghdú ar tháirgeacht a bhí ag tionscal an Aontais go páirteach ar a laghad mar thoradh ar laghdú ar an éileamh, ar fud an domhain agus san Aontas araon. Mar a léirigh an Coimisiún i dTábla 2 den rialachán sealadach, tháinig laghdú 25 % ar an éileamh san Aontas idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Tá tuilleadh fianaise ann go bhfuil laghdú ag teacht ar an éileamh domhanda ós rud é gur tháinig laghdú 24 % freisin ar mhéid onnmhairiúcháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse céanna. Dá bhrí sin, ní féidir an milleán a chur ar allmhairí ón tSín as laghdú a dhéanamh ar tháirgeadh.

(174) Mhaígh CICS go hachomair gur cheart an tionchar a bheadh ag laghdú ar an éileamh ar mhéideanna díolachán agus ar choigeartuithe praghsanna a chur san áireamh san anailís chúisíochta.

(175) Maidir le hargóint Steelforce, chuir an Coimisiún in iúl gur cuireadh an fíoras sin san áireamh i ndáiríre. D'admhaigh an Coimisiún go mbeadh coinne leis go gcaillfeadh tionscal an Aontais méideanna áirithe díolachán agus táirgeachta sa mhargadh atá ag laghdú ([22]). Mar a léirítear in aithris (327) den Rialachán sealadach, i measc áiteanna eile, bhí an laghdú 36 % ar mhéid na ndíolachán chuig an Aontas a bhí ag tionscal an Aontais beagnach 50 % níos mó ná an crapadh i dtomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(176) An tráth céanna, fiú agus an margadh ag laghdú, lean méideanna allmhairí na Síne de bheith ag méadú. Bheifí ag súil leis, i margadh atá ag laghdú, gur tháinig laghdú cothrom, a bheag nó a mhór, ar na méideanna uile. Ní hamháin go raibh táirgeoirí na Síne ag méadú a méideanna onnmhairiúcháin ach bhí siad ag gnóthú sciar den mhargadh freisin, ar chostas tháirgeoirí an Aontais (féach aithrisí (263) agus (264) den Rialachán sealadach).

([20]) Féach, i measc nithe eile, aithrisí (265), (266), agus (311) den Rialachán sealadach.
([21]) Féach, i measc nithe eile, aithrisí (235), (300), agus (323) den Rialachán sealadach.
([22]) Féach aithris (329) den Rialachán Sealadach.

(177) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh na méideanna méadaitheacha sin ag teacht isteach san Aontas ar phraghsanna dumpáilte freisin, rud a rinne sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin agus a choisc na praghsanna sin freisin.

(178) Mar a chuir an Coimisiún in iúl cheana in aithris (320) den Rialachán sealadach, mar gheall ar a mhéid agus a sciar den mhargadh i gcomparáid le hallmhairí ó thríú tíortha eile, is léir go raibh an tionchar ba mhó ag allmhairí ón tSín ar iompraíocht praghsanna sa mhargadh.

(179) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún d'argóintí Steelforce agus CICS agus dheimhnigh sé a chonclúidí ó aithrisí (323) go (329) den Rialachán sealadach.

5.2.2. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(180) Mhaígh CICS arís go hachomair gur theip ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar cé acu a rannchuidigh nó nár rannchuidigh allmhairí tríú tír le hiomaíocht praghsanna agus le hathruithe ar an sciar den mhargadh, go háirithe ós rud é gur admhaigh an Coimisiún in aithris (330) den Rialachán sealadach gur tháinig allmhairí ó fhoinsí eile, mar shampla, an Chóiré agus an Tuirc isteach san Aontas ach gur theip orthu measúnú a dhéanamh ar cé acu a rannchuidigh nó nár rannchuidigh na hallmhairí sin le hiomaíocht praghsanna agus le hathruithe ar an sciar den mhargadh.

(181) Mar a leagtar amach in aithris (333) den Rialachán sealadach, áfach, bhí méid na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh ó thríú tíortha eile, lena n-áirítear an Chóiré agus an Tuirc, íseal agus tháinig laghdú suntasach orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus, dá bhrí sin, ní fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, bhí maíomh CICS gan bhunús.

(182) Dá bhrí sin, in éagmais barúlacha fóinteacha atá contrártha leis sin, chloígh an Coimisiún lena conclúidí ó aithrisí (330) go (336) den Rialachán sealadach.

5.2.3. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(183) Mhaígh CICS go hachomair arís gur theip ar an gCoimisiún measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar an gcaoi ar chuir laghdú ar onnmhairí leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(184) Níor chuir CICS aon argóint ná aon mhíniú ar fáil maidir leis an bhfáth a raibh sé den tuairim sin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin toisc nach raibh bunús léi.

(185) Dá bhrí sin, in éagmais barúlacha fóinteacha atá contrártha leis sin, chloígh an Coimisiún lena conclúidí ó aithrisí (337) go (342) den Rialachán sealadach.

5.2.4. *Costas táirgthe agus infheistíochtaí*

(186) Mhaígh CICS go hachomair arís gur theip ar an gCoimisiún measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar an gcaoi ar chuir na costais táirgthe a bhí ag dul i méid leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Níor chuir CICS aon argóint ná aon mhíniú ar fáil maidir leis an bhfáth a raibh sé den tuairim sin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh CICS mar go raibh sé gan bhunús.

(187) Ar an gcaoi chéanna, mhol MPE go bhfuil an costas táirgthe atá ag ardú comhghaolaithe go dlúth le feidhmíocht thionscal an Aontais ar mhargaí intíre agus onnmhairiúcháin araon. Mhol MPE gur cheart don Choimisiún a léiriú nach iad na costais táirgthe atá ag dul i méid is cúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(188) Os a choinne sin, chloígh Steelforce lena sheasamh gurbh iad infheistíochtaí a mhéadú an phríomhchúis díobhála do thionscal an Aontais, ag áitiú go sonrach nach leor anailís an Choimisiúin ó aithrisí (291), (346) agus (347) den Rialachán sealadach ina leith sin.

(189) Mhaígh Steelforce go bhfuil an cuspóir a bhfónann na hinfheistíochtaí dó neamhábhartha sa mhéid gur léir go bhfuil tionchar acu ar staid airgeadais tháirgeoirí an Aontais.

(190) D'fhreagair EUROFER na maímh sin, agus d'áitigh sé gur céim riachtanach iad infheistíochtaí le haghaidh cothabhála d'aon ghnó agus go gceanglaítear le reachtaíocht an Aontais infheistíochtaí chun spriocanna comhshaoil a bhaint amach. Ar a mhéad, míníonn an dara ceann an fáth a ndearnadh na hinfheistíochtaí fós i dtimpeallacht margaidh dheacair. D'áitigh EUROFER freisin nár cheart costais a bhaineann le hinfheistíochtaí comhshaoil a mheas mar thoisc lena mbréagnaítear cúisíocht ós rud é go gcuireann an Coimisiún costais chomhlíonta comhshaoil amach anseo san áireamh ina ríomhanna corrlaigh díobhála freisin.

(191) Maidir leis na maímh a d'ardaigh MPE, chuir an Coimisiún in iúl gur chuir sé san áireamh, i ndáiríre, na costais táirgthe atá ag dul i méid, agus an t-idirghníomhú atá aige le tosca eile, ina anailís ar dhíobháil agus ar chúisíocht ([23]). Níor léirigh MPE cén fáth a mbeadh aon chuid dá anailís lochtach agus conas a d'fhéadfaí forás ar tháscairí eile a chur i leith costais táirgthe atá ag dul i méid ina ionad sin. Mar shampla, dá mbeadh costais táirgthe ar an bpríomh-réamhtháscaire ar fheidhmíocht thionscal an Aontais, mar a mhol MPE, ní bheadh tionscal an Aontais in ann brabúsacht a bhaint amach in 2022, an bhliain ina raibh an dara costas táirgthe is airde sa tréimhse iomlán faoi bhreathnú, agus rinne sé caillteanas fós sna blianta eile ar fad.

(192) Maidir le maímh faoi infheistíochtaí atá ag dul i méid, mheabhraigh an Coimisiún, mar a mhínítear in aithris (291) den Rialachán sealadach, gur féidir beagnach iomlán an mhéadaithe sin ar infheistíochtaí a chur i leith táirgeoir amháin de chuid an Aontais agus gur mar gheall ar chothabháil rialta ba ghá a dhéanamh ar cheann dá fhoirnéisí soinneáin, agus go ndearnadh an chuid eile de na hinfheistíochtaí beagnach go heisiach le haghaidh comhlíontacht comhshaoil. Níor tháinig aon athrú ar infheistíochtaí eile, agus go háirithe infheistíochtaí an dá tháirgeoir eile, le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(193) Ós rud é go bhfuil sé ríthábhachtach d'aon chuideachta croí-shócmhainní a chothabháil mar a thuairiscítear thuas chun aon oibríocht fhiúntach a choinneáil ar bun, agus go bhfuil costais chomhlíontachta comhshaoil faoi thionchar reachtaíochta, chloígh an Coimisiún lena sheasamh nach féidir a mheas gur féindíobháil é méadú den sórt sin ar infheistíochtaí. Ní cinneadh gnó é a d'fhéadfaí a chur siar go réasúnta. Ós rud é, mar a chuir EUROFER in iúl, go ndearnadh na hinfheistíochtaí sin i dtimpeallacht margaidh dheacair, is mó is léir an fhianaise leis an gconclúid sin freisin.

(194) Mar sin féin, d'ionsamhlaigh an Coimisiún figiúirí brabúsachta trí (a) na hinfheistíochtaí a rinne táirgeoir amháin ag a raibh an sciar is airde d'infheistíochtaí agus (b) na hinfheistíochtaí go léir a rinne na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais a bhaint de chostais chomhiomlána thionscal an Aontais. Sa dá chás, bhí na treochtaí brabúsachta fós mar an gcéanna agus bhí tionscal an Aontais fós ag cailleadh airgid in 2020, 2021, 2023, agus sa tréimhse imscrúdúcháin.

(195) Léirigh sé sin nárbh iad na hinfheistíochtaí an príomhspreagthóir díobhála a bhain do thionscal an Aontais – fiú mura ndearnadh aon infheistíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ní bheadh aon athrú ábhartha tagtha ar staid bhrabúsachta thionscal an Aontais.

(196) Ar bhonn an mhéid thuas agus tar éis na hanailíse breise ar thionchar infheistíochtaí ar bhrabúsacht thionscal an Aontais a leagtar amach thuas, chloígh an Coimisiún lena chonclúid nach raibh costais táirgthe ná infheistíochtaí a bhí ag dul i méid ar an bpríomhchúis díobhála do thionscal an Aontais.

5.2.5. *Conarthaí fadtéarmacha idir táirgeoirí agus úsáideoirí an Aontais*

(197) D'athdhearbhaigh Steelforce a argóint go ndearna a gcinneadh gnó féin díobháil do tháirgeoirí an Aontais leanúint de bheith ag brath ar chonarthaí fadtéarmacha lena gcustaiméirí, úsáideoirí táirgí stánphlátáilte. D'áitigh Steelforce nár mhínigh an Coimisiún sa Rialachán sealadach cén fáth nárbh fhéidir an cleachtas sin a athrú ós rud é nach bhfuil na húsáideoirí contrártha do stánpháta a cheannach ar spotdíolacháin ó tháirgeoirí nach táirgeoirí de chuid an Aontais iad.

(198) Mar fhreagairt air sin, d'athdhearbhaigh EUROFER gur caighdeán margaidh iad conarthaí fadtéarmacha a bhrúigh na hollmhargaí ar deireadh ar aghaidh na slabhraí luacha aníos, chun intuarthacht na praghsála a áirithiú, agus go raibh onnmhaireoirí na Síne ag baint leas as na dálaí sin trí tháirgeoirí an Aontais a shladghearradh trí spotdíolacháin agus, dá bhrí sin, sciar den mhargadh a ghlacadh ar deireadh.

(199) D'fhreagair Steelforce na frithéilimh sin, agus d'athdhearbhaigh sé a argóint gurbh é a chinneadh gnó féin an fáth nach n-athródh táirgeoirí de chuid an Aontais chuig spotdíolacháin iad féin (ós rud é gur féidir le táirgeoirí nach táirgeoirí de chuid an Aontais iad oibriú go soiléir le húsáideoirí ar chonarthaí den sórt sin).

([23]) Féach, i measc nithe eile, aithrisí (248), (249), (298), agus (371), chomh maith le Roinn 5.2.4. iomlán den Rialachán sealadach.

(200) Mheabhraigh an Coimisiún gurbh amhlaidh gur mhínigh sé cén fáth nach féidir le táirgeoirí an Aontais caighdeán na gconarthaí bliantúla laistigh de shlabhraí soláthair an Aontais a athrú go haontaobhach. Mar a mhínítear in aithris (322) den Rialachán sealadach, agus mar a d'athdhearbhaigh EUROFER ina fhrithéileamh, éilíonn miondíoltóirí móra (ollmhargaí) san Aontas praghsanna bliantúla óna soláthróirí bia stánaithe, rud a éilíonn an rud céanna óna soláthróirí cannaí, rud a éilíonn an rud céanna ar tháirgeoirí táirgí stánphlátáilte an Aontais.

(201) Níor cuireadh aon fhianaise nua isteach chun aon earráid a léiriú i gconclúidí an Choimisiúin ina leith sin. Chuige sin agus ós rud é go bhfuil fianaise ag an gCoimisiún ar an gcomhad a léiríonn gur caighdeán margaidh iad conarthaí bliantúla le táirgeoirí an Aontais, cé gur gnách go bhfaigheann onnmhaireoirí na Síne orduithe aonair, chloígh an Coimisiún lena chonclúidí ó aithrisí (321), (322), (348), agus (349) den Rialachán sealadach.

(202) Tar éis an nochta deiridh, d'easaontaigh CICS agus Steelforce le conclúidí an Choimisiúin maidir le hábharthacht na gconarthaí bliantúla san anailís chúisíochta.

(203) Mhaígh Steelforce, fiú dá mba chaighdeán margaidh é conarthaí bliantúla le táirgeoirí an Aontais a úsáid, nár éirigh leis an gCoimisiún ná le haon cheann de na páirtithe leasmhara a mhíniú cén fáth a measfaí go mbeadh sé de cheangal ar thionscal an Aontais conarthaí bliantúla a úsáid, agus gur léir go nglacann na húsáideoirí le gnó a dhéanamh le táirgeoirí Síneacha ar an spotmhargadh.

(204) Ar an taobh eile, chuir CICS in iúl nach bhféadfaí an méadú ar chostas táirgthe thionscal an Aontais a fhritháireamh trí phraghsanna a mhéadú. Mhaígh CICS nárbh iad allmhairí Síneacha a bhí ag cur brú ar phraghsanna, rud a rinne díobháil do thionscal an Aontais, ach ba é a shuíomh struchtúrach laistigh den slabhra soláthair. Ós rud é go gcuireann tionscail iartheachtacha brú ar thionscal an Aontais díol ar bhonn conarthaí bliantúla, is beag deis a bhí ann coigeartuithe praghsála riachtanacha a dhéanamh.

(205) Mar a mhínigh an Coimisiún cheana féin in aithris (322) den Rialachán sealadach agus in aithris (200) thuas, is ionchas ginearálta sa mhargadh iad conarthaí bliantúla a bhrúnn na gnólachtaí iartheachtacha, ag tosú leis na hollmhargaí, agus ag leanúint ar aghaidh anuas an slabhra luacha. Teastaíonn intuarthacht ó mhiondíoltóirí móra ina bpraghsáil i rith na bliana. An tráth céanna, braitheann oibríochtaí bia a chur i gcannaí go mór ar uainiú agus ar mhéideanna gach buainte bliantúla. Dá bhrí sin, mar gheall ar chineál a ngnó féin, tá intuarthacht de dhíth ar ghnólachtaí a chuireann bia i gcannaí i dtéarmaí méide agus aga tionscanta cannaí folmha a theastaíonn uathu in aon bhliain ar leith, chun go mbeidh siad in ann an bia a fháil in am tar éis na buainte. Fágann sé sin freisin go bhfuil gá ag na táirgeoirí cannaí le soláthar táirgí stánphlátáilte atá chomh hintuartha céanna chun na cannaí sin a tháirgeadh in am. Tá sainiúlacht den sórt sin den mhargadh fabhrach d'intuarthacht i seachadtaí agus d'fhormhór na n-orduithe i slabhraí soláthair áitiúla a dhaingniú le hagaí tionscanta níos giorra, ar lú an seans go gcuirfí isteach orthu. Is é an toradh a bhíonn air sin, ar ndóigh, go mbíonn brú ginearálta margaidh ar tháirgeoirí an Aontais conarthaí bliantúla a chomhaontú le formhór a gcustaiméirí a tháirgeann cannaí bia.

(206) Agus formhór an tsoláthair daingnithe ar an gcaoi sin i dtéarmaí méideanna agus praghsanna, is féidir le táirgeoirí bia a roghnú méideanna áirithe táirgí stánphlátáilte a fháil ar phraghsanna níos ísle ón tSín agus ó thríú tíortha eile ar an spotmhargadh Dá bhrí sin, is é cineál sonrach riachtanais na ngnólachtaí iartheachtacha agus a n-iompraíocht eacnamaíoch réasúnach laistigh den slabhra luacha sin, a mhíníonn an fáth ar fearr leis an margadh conarthaí bliantúla ó tháirgeoirí an Aontais, ach a ghlacann le spotdíolacháin ón tSín.

(207) Thairis sin, chuir an Coimisiún in iúl gur thug argóint Steelforce le fios freisin go bhfuil táirgeoirí an Aontais ag roghnú, ar chúis éigin, glacadh le téarmaí trádála a fhágann go n-oibríonn siad faoi chaillteanas. Theip ar an gCoimisiún a thabhairt faoi deara, agus níor mhínigh Steelforce, cén fáth a gcinnfeadh táirgeoirí an Aontais, mar oibreoirí eacnamaíocha réasúnacha, gnó a dhéanamh ar bhealach den sórt sin.

(208) Maidir le hargóint CICS, fiú dá nglacfaí léi, chuir an Coimisiún in iúl nach bhfuil san easpa brabúsachta ach ceann amháin de na gnéithe san anailís chúisíochta. Mar a léirítear in aithrisí (350) go (354) den Rialachán sealadach, tá an chonclúid maidir le cúisíocht bunaithe ar chaillteanas sciar den mhargadh, sladghearradh praghsanna, sochtadh praghsanna, agus ísliú praghsanna.

(209) Go deimhin, mar a léiríodh, bhí táirgeoirí an Aontais ag cailleadh sciar den mhargadh d'allmhairí Síneacha a díoladh ar phraghsanna a ghearr faoi phraghsanna thionscal an Aontais agus a bhí ina gcúis le sochtadh agus ísliú praghsanna, i mbeagnach gach bliain den tréimhse faoi bhreathnú.

(210) Ar deireadh, ní bheadh suíomh struchtúrach thionscal an Aontais laistigh den slabhra soláthair ina fhadhb ann féin. Mura mbeadh méadú ag teacht ar mhéideanna allmhairí na Síne ar phraghsanna dumpáilte, bheadh tionscal an Aontais in ann téarmaí níos fearr a chaibidliú ina gconarthaí. Mar is léir ó tháblaí 3 agus 4 den Rialachán sealadach, bhí méid agus sciar den mhargadh á méadú ag allmhairí ón tSín in 2022, 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, agus an tráth céanna bhí laghdú ag teacht ar an bpraghas in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin. Chun dul in iomaíocht leis na hallmhairí sin ar phraghas éagórach agus chun fanacht ar an margadh, bhí ar thionscal an Aontais glacadh le téarmaí níos measa.

(211) Mar a mhínítear in aithrisí (274) go (279) den Rialachán sealadach, i measc nithe eile, bhí allmhairí den sórt sin ina gcúis le cúngú praghsanna do thionscal an Aontais, rud a chuir iallach orthu díol ar chaillteanas. Tá sé sin le feiceáil go soiléir ós rud é gur laghdaigh tionscal an Aontais, tar éis dó a bheith in ann díol os cionn a gcostas táirgthe in 2022, a bpraghsanna in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, fiú de réir mar a lean costais táirgthe de bheith ag dul in airde in 2023 (tábla 8 den Rialachán sealadach).

(212) Dá bhrí sin, diúltaíodh d'argóint CICS toisc í a bheith gan bhunús.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(213) Mar a mhínítear i ranna 5.1 agus 5.2 thuas, rinne an Coimisiún anailís ar na barúlacha uile a rinne na páirtithe leasmhara maidir le hanailís chúisíochta an Choimisiúin ón Rialachán sealadach. Níor tugadh aon fhianaise ná argóintí nua chun cinn a d'fhágfadh go mbeadh gá le conclúidí an Choimisiúin ina leith sin a aisiompú.

(214) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí ó aithrisí (350) go (354) den Rialachán sealadach agus chloígh sé lena chonclúid go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus mar gheall ar thosca eile, leo féin nó le chéile, nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha.

(215) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'easaontaigh CICS le torthaí an Choimisiúin maidir le cúisíocht, go sonrach, le conclúidí an Choimisiúin maidir le meath mhéideanna díolacháin thionscal an Aontais agus tionchar na n-infheistíochtaí atá ag dul i méid. D'áitigh CICS, cé go bhféadfadh méid áirithe brú iomaíoch a bheith curtha ag allmhairí ón tSín, nach dtacaíonn an fhianaise atá ar fáil leis an gconclúid gurbh iad ba mhó nó ba chúis ábhartha leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(216) Ós rud é nár chuir CICS fianaise ná argóintí nua ar fáil chun tacú leis an gconclúid sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin mar mhaíomh gan bhunús agus sheas sé lena chonclúid ó aithris (214) thuas.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(217) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí ó aithris (355) den Rialachán sealadach.

6.1. Corrlach díobhála

(218) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí ó aithrisí (356) go (361) den Rialachán sealadach.

(219) Rinneadh corrlaigh dhíobhála a athríomh agus dleachtanna a bhí le híoc á meas. Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne' agus le haghaidh 'gach cuideachta eile' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin (féach aithrisí (220) go (227) den Rialachán sealadach).

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
Grúpa Baosteel: — Baoshan Iron & Steel Co., Ltd. — WISCO-Nippon Steel Tinplate Co., Ltd	13,1	46,2
Shougang Jingtang United Iron & Steel Co., Ltd.	46,7	62,4
Cuideachtaí comhoibríocha eile nár sampláladh	24,5	52,0
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	62,3	71,7

6.2. Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais

(220) Mar a mhínítear san fhógra tionscnaimh chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil don Choimisiún go raibh saobhadh amhábhar sa tír lena mbaineann maidir leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, san imscrúdú seo scrúdaíodh an saobhadh líomhainte chun a mheas, más ábhartha, ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil.

(221) Mar sin féin, fiú leis na corrlaigh athbhreithnithe, bhí na corrlaigh a bhí leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil fós níos airde ná na corrlaigh dhumpála. Mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, nach raibh sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar an ngné sin.

6.3. Conclúid maidir le leibhéal na mbeart

(222) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Grúpa Baosteel: — Baoshan Iron & Steel Co., Ltd. — WISCO-Nippon Steel Tinplate Co., Ltd	13,1
Shougang Jingtang United Iron & Steel Co., Ltd.	46,7
Cuideachtaí comhoibríocha eile nár sampláladh	24,5
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	62,3

7. LEAS AN AONTAIS

(223) Ina mbarúlacha maidir leis an Rialachán sealadach, chuir roinnt páirtithe leasmhara i gcoinne chonclúidí an Choimisiúin maidir le leas an Aontais.

7.1. Leas thionscal an Aontais

(224) Ina mbarúlacha maidir leis an Rialachán sealadach, mhaígh Steelforce go ndúnfar saoráidí táirgthe cannaí san Aontas mar thoradh ar dhleachtanna frithdhumpála. Scriosfadh sé sin príomh-mhargadh tháirgeoirí an Aontais, rud a chiallaíonn go bhfuil dleachtanna frithdhumpála in aghaidh leas thionscal an Aontais féin.

(225) Tá an argóint sin bunaithe ar an toimhde go ndéanfadh tionchar na ndleachtanna ar na hÚsáideoirí dochar chomh mór sin go gclisfeadh ar mhonarú cannaí san Aontas dá dheasca. Mar a léirítear san anailís i roinn 7.3 thíos, áfach, níor léiríodh gur dócha go dtiocfaidh an cás sin chun cinn.

(226) Chuige sin, agus in éagmais barúlacha eile, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí ó aithrisí (368) go (370) den Rialachán sealadach.

7.2. Leas na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe

(227) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh Steelforce go ndearna an Coimisiún earráid sa mheasúnú ar leas allmhaireoirí. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur sciar beag de láimhdeachas Ghrúpa Steelforce a bhí in allmhairí táirgí stánphlátáilte ach gurb é Steelforce Packaging BV, eintiteas ar leith, an t-eintiteas a thug freagra ar an gceistneoir, eintiteas a ndéanfaí difear i bhfad níos tromchúisí dó.

(228) Shoiléirigh an Coimisiún nach bhfuil in Steelforce Packaging BV ach cuideachta amháin laistigh de Ghrúpa Steelforce, ach bhain conclúidí an Choimisiúin ó aithrisí (373) agus (374) den Rialachán sealadach le Grúpa Steelforce ina iomláine.

(229) Ní fhágann sé sin, áfach, go bhfuil na conclúidí ar thángthas orthu sna haithrisí sin neamhbhailí. D'iarr ceistneoirí an Choimisiúin sonraí (go háirithe maidir le láimhdeachas agus brabúsacht) ar leibhéal oibríochtaí iomlána an Aontais, go beacht chun léargas cruinn a fháil ar an gcaoi a ndéanfaí difear do sheasamh foriomlán allmhaireora san Aontas.

(230) I bhfianaise an mhéid thuas agus ós rud é nár tháinig aon allmhaireoir ná trádálaí eile chun cinn chun cur i gcoinne na ndleachtanna, chloígh an Coimisiún lena chonclúid nach dócha go mbeidh tionchar diúltach suntasach ag na dleachtanna ar staid allmhaireoirí agus trádálaithe san Aontas.

(231) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'áitigh Steelforce, dá mbeadh sé d'aidhm ag an gCoimisiún teacht ar chonclúidí maidir leis an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag na dleachtanna frithdhumpála ar allmhaireoirí ar bhonn sonraí arna mbailiú ó Steelforce, gur cheart teacht ar na conclúidí sin maidir le hoibríochtaí iomlána an Aontais de Steelforce Packaging BV, an t-eintiteas laistigh de Steelforce Group a allmhairíonn táirgí stánphlátáilte, seachas an Steelforce Group ina iomláine.

(232) Mhaígh CICS ar an gcaoi chéanna nár cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar na ndleachtanna ar leibhéal an ghrúpa, ach ar leibhéal an eintitis.

(233) Níor tháinig an Coimisiún ar aon chonclúid, áfach, maidir le tionchar na ndleachtanna ar allmhaireoirí eile ó na sonraí a bailíodh ó Steelforce. Ina ionad sin, níor bhain na conclúidí a rinneadh in aithrisí (371) go (374) den Rialachán sealadach agus in aithrisí (227) go (230) thuas ach le Steelforce. Níor thug an anailís sin, ag féachaint go deimhin ar fheidhmíocht iomlán Steelforce mar a cuireadh i láthair ina fhreagra ar an gceistneoir, le fios go ndéanfadh na dleachtanna difear suntasach dó.

(234) Chuige sin, níor aimsigh an Coimisiún cúis bhailí chun athmheasúnú a dhéanamh ar a chur chuige agus breathnú ar fheidhmíocht Steelforce Packaging BV amháin. Mar a cuireadh in iúl go soiléir sa fhreagra ar an gceistneoir agus san fhianaise a bailíodh le linn an fhíoraithe ar an láthair, bhí baint ag roinnt eintiteas in Steelforce Group san Aontas go pointe áirithe le hallmhairiú agus athdhíol táirgí stánphlátáilte, agus comhdhlúthaíodh na sonraí ábhartha ar leibhéal an ghrúpa. Bheadh sé contrártha do na fíorais mar a suíodh leis an imscrúdú gan ach cuideachta amháin a leithlisiú ón ngrúpa chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar air.

(235) A mhéid a bhaineann le hallmhaireoirí i gcoitinne, mar a mhínítear in aithris (375) den Rialachán sealadach agus in aithris (231) thuas, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún ach teacht ar an gconclúid nach mbeadh tionchar suntasach ag na dleachtanna orthu toisc nár tháinig aon allmhaireoir eile de chuid Steelforce chun cinn chun cur i gcoinne na ndleachtanna, ná níor cuireadh aon argóint i láthair maidir leis an gcaoi a ndéanfaí dochar do staid iomaíoch allmhaireora dá ndéanfaí cothrom iomaíochta a athbhunú.

7.3. **Leas úsáideoirí, tomhaltóirí agus soláthróirí**

7.3.1. *Maímh ar infhaighteacht agus iontaofacht an tsoláthair*

(236) Tar éis an nochta shealadaigh, d'athdhearbhaigh Steelforce agus MPE a maímh nach foinse iontaofa soláthair é tionscal an Aontais ós rud é gur minic a bhíonn moill ar úsáideoirí seachadtaí a fháil ó tháirgeoirí de chuid an Aontais. Thagair Steelforce do ríomhphoist a chuir sé ar fáil d'aighneacht roimhe sin inar léiríodh cásanna de mhoilleanna suntasacha ar sheachadtaí ó tháirgeoirí an Aontais agus thug sé faoi deara gur áitigh Massilly go bhfuil acmhainneacht theoranta agus beartas réamhaisnéise an-dian ag táirgeoirí stánphláta an Aontais lena gcuirtear cosc ar aon diall ó mhéid agus ar phraghsanna níos airde. Chuir MPE roinnt ríomhphost ar fáil óna mbaill mar fhianaise. D'athdhearbhaigh MPE freisin go mbeidh soláthar neamhleor táirgí stánphlátáilte san Aontas mar thoradh ar dhleachtanna. Thacaigh CICS leis na barúlacha sin.

(237) Thairis sin, d'áitigh Steelforce go bhfuil an tionscal iartheachtach ag brath ar allmhairí ón tSín chun a sceideal táirgthe a choinneáil ar bun. D'áitigh MPE nach mbeadh sé indéanta don tionscal pacáistíochta iartheachtach filleadh ar sholáthar ó thríú tíortha eile, ós rud é gurb í an tSín an fhoinse soláthair is mó i bhfad seachas tionscal an Aontais.

(238) D'fhreagair EUROFER na maímh sin agus d'áitigh sé go bhfuil [8-13] milliún tona d'acmhainneacht oibriúcháin dhomhanda ann seachas an acmhainneacht san Aontas agus sa tSín, acmhainneacht a d'fhéadfaí a dhíriú ar mhargadh an Aontais.

(239) D'áitigh Steelforce nár chuir an acmhainneacht sin an t-éileamh i dtríú tíortha ná ina gcomhpháirtithe trádála faoi seach san áireamh agus, dá bhrí sin, nárbh fhéidir í a atreorú chuig an Aontas.

(240) Mhaígh MPE freisin go gcruthóidh éifeacht chomhcheangailte na mbeart coimirce agus frithdhumpála fadhbanna suntasacha do thionscal pacáistíochta miotail an Aontais, i dtéarmaí infhaighteacht soláthairtí agus i dtéarmaí costais táirgthe a mhéadú.

(241) Ní hé cuspóir na mbeart frithdhumpála stop a chur le hallmhairí ón tír lena mbaineann, ach a áirithiú go dtagann siad isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna córa. Is tríd an bpriosma sin nach mór measúnú a dhéanamh ar thionchar na ndleachtanna ar úsáideoirí.

(242) Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an Coimisiún glacadh leis na hargóintí go mbeidh easpa soláthair san Aontas mar thoradh ar dhleachtanna a fhorchur. Thairis sin, mar a thuairiscítear cheana in aithris (383) den Rialachán sealadach (agus a phléitear a thuilleadh in aithris (145) thuas), fiú sa chás thar a bheith neamhdhóchúil go n-imeodh na hallmhairí uile isteach san Aontas, tá acmhainneacht leordhóthanach san Aontas chun freastal ar éileamh iomlán an Aontais. Thairis sin, tá foinsí éagsúla eile soláthair ann ó thríú tíortha.

(243) Ina theannta sin, cé gur léirigh MPE go mbeadh moill ar sheachadtaí ó tháirgeoirí de chuid an Aontais i gcás roinnt dá chomhaltaí, ní féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an argóint nach féidir é sin a leigheas ach le hallmhairí ón tSín. Shuigh an Coimisiún san imscrúdú sin go bhfuil agaí seachadta ón Aontas i bhfad níos giorra ná ón tSín, agus, ar an taobh eile, chuir cuid de na húsáideoirí i dtábhacht ardiontaofacht tháirgeoirí an Aontais.

(244) A mhéid a bhaineann le hargóint MPE in aithris (240) thuas, mheabhraigh an Coimisiún gur sásra sealadach iad bearta coimirce ([24]) agus, ina theannta sin, aon dleacht a bheadh dlite le híoc faoin sásra coimirce, ní dhéanfar í a charnadh leis na dleachtanna frithdhumpála a eascraíonn as an imscrúdú seo. Dá bhrí sin, bhí an argóint sin gan bhunús.

([24]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1782 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159, lena n-áirítear an fadú arna chur leis an mbeart coimirce ar allmhairí táirgí cruach áirithe, C/2024/4200, IO L, 2024/1782, 25.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1782/oj.

(245) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, leathnaigh CICS a argóintí maidir le hinfhaighteacht acmhainneacht táirgeachta Liberty agus Acciaierie, a ndearnadh anailís uirthi cheana in aithrisí (147) go (150) thuas, chuig an anailís ar leas an Aontais. Mhaígh CICS nach bhfuil sé réalaíoch a bheith ag súil go bhféadfaí na hacmhainneachtaí sin a atosú go tapa agus dá bhrí sin go bhfuil baol ann go mbeidh ganntanas soláthair ann.

(246) D'athdhearbhaigh Steelforce agus MPE a mbarúlacha maidir leis an easpa soláthair thráthúil rialta san Aontas a líomhnaítear a bheith ann. Mheabhraigh MPE an fhianaise a chuir sé i láthair ó roinnt dá chomhaltaí a léirigh go raibh moill ar sheachadtaí ó tháirgeoirí an Aontais agus chuir siad i gcoinne an chaoi gur cosúil gur thug an Coimisiún níos mó béime ar thuairim úsáideoirí eile a leag béim ar iontaofacht tháirgeoirí an Aontais. Chuir Steelforce ceist reitriciúil maidir leis an bhfáth nach n-úsáidtear acmhainneacht iomarcach an Aontais chun seachadtaí iontaofa a dhéanamh chuig úsáideoirí an Aontais, rud a leag béim ar fhianaise MPE maidir le hagaí tionscanta atá ag éirí níos faide, rud a léirigh an treocht sin a bheith ag dul in olcas ó 2022 ar aghaidh.

(247) Mar a cuireadh in iúl cheana in aithrisí (149) agus (145) thuas, fiú nuair a bhí gléasraí Liberty agus Acciaierie á mbaint de fhigiúirí acmhainneacht táirgeachta an Aontais, sháraigh acmhainneacht táirgeachta iomlán an Aontais éileamh iomlán an Aontais fós i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, dhíbh an Coimisiún na maímh ó CICS toisc iad a bheith gan bhunús.

(248) Maidir le barúlacha MPE, shoiléirigh an Coimisiún nár chinn sé níos mó creidiúnachta a thabhairt do thuairimí úsáideoirí áirithe ná do thuairimí chomhaltaí MPE. Ina ionad sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (243) thuas maidir le roinnt cásanna de shaincheisteanna soláthair arna bhfianú ag roinnt comhaltaí MPE, go háirithe nuair a mhol roinnt úsáideoirí eile iontaofacht thionscal an Aontais, níor léiríodh an chonclúid nach mbeadh tionscal an Aontais, mar riail, in ann táirgí stánphlátáilte a sholáthar go tráthúil agus go leordhóthanach i gcoitinne.

(249) Fiú dá mbeadh sé sin fíor, mar a cuireadh in iúl cheana in aithris (243) thuas, theip ar an gCoimisiún a thabhairt faoi deara conas a d'fhéadfadh sé cuidiú le saincheist den sórt sin a réiteach mura bhforchuirfí dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí Síneacha, a bhfuil amanna seachadta níos faide fós acu.

(250) Ar deireadh, maidir le hargóint Steelforce, chuir an Coimisiún in iúl go raibh an t-éileamh san Aontas in 2022, chomh maith le cainníochtaí táirgeachta agus díolacháin tháirgeoirí an Aontais, níos airde ná mar a bhí in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, léirigh sonraí MPE a luaigh Steelforce gurbh é an dóchúlacht go ndéanfadh tionscal an Aontais seachadtaí in am agus ina n-iomláine in 2022 (seachadtaí 'OTIF'). Níor thosaigh minicíocht sheachadtaí OTIF ag laghdú go dtí 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin, ós rud é go raibh méideanna méadaitheacha allmhairí dumpáilte ag dul isteach i margadh an Aontais, rud a bhain sciar thionscal an Aontais den mhargadh agus a chuir i staid airgeadais níos forbhásaí é. Ní thacaíonn sé sin leis an líomhain nach mbeadh tionscal an Aontais in ann soláthar tráthúil a dhéanamh dá chustaiméirí dá mbeadh leibhéil éilimh chaighdeánacha (níos airde) rompu.

7.3.2. *Maímh ar thionchar dleachtanna frithdhumpála ar thionscail iartheachtacha*

(251) D'easaontaigh Steelforce, Massilly, Trivium, MPE, agus CICS le measúnú an Choimisiúin ar an tionchar a bheidh ag na dleachtanna ar thionscail iartheachtacha.

(252) Mhaígh MPE nach féidir conclúidí an Choimisiúin maidir leis an gcaoi a ndéanfaidh dleachtanna frithdhumpála difear do chostais táirgthe Trivium agus Massily a leathnú chuig gach úsáideoir, ós rud é go bhfuair Trivium agus Massilly sciar réasúnta beag dá dtáirgí stánphlátáilte iomlána ón tSín. Thug MPE dá aire go dtabharfaí léargas ginearálta níos cruinne dá ndéanfaí na ríomhanna sin agus é ag glacadh leis, ar an meán, go bhfuair na táirgeoirí pacáistíochta miotail 23.4 % dá soláthar táirgí stánphlátáilte ón tSín, i gcomhréir leis an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín le linn na tréimhse imscrúdaithe. Má ghlactar leis freisin gur 50 % de chostais táirgthe úsáideora iad táirgí stánphlátáilte, is é an toradh a bhíonn ar ríomhanna den sórt sin méadú 5-6 % ar chostais iomlána an táirgthe.

(253) Ar an gcaoi chéanna, le linn an fhíorúcháin ar an láthair, léirigh Massilly nach ndéanfaidh tionchar na ndleachtanna difear ach do shaoráidí áirithe dá chuid den chuid is mó, ach go pointe i bhfad níos airde ná an méid a chinn an Coimisiún in aithrisí (384) go (387) den Rialachán sealadach.

(254) Ar an láimh eile, mhaígh Steelforce go bhfuil fiú an méadú 2 % ar chostais déantóirí cannaí suntasach do thionscal atá íogair ó thaobh praghsanna de agus go mbeidh tionchar aige ar a n-iomaíochas. D'athdhearbhaigh Steelforce freisin na maímh a rinne Massily ag an gcéim shealadach, go mbuailfidh dleachtanna an slabhra luacha iartheachtach ar fad, lena n-áirítear tionscal an bhia. Thug Steelforce dá aire, cé go raibh thart ar 5 000 go 6 000 oibrí coibhéiseach lánaimseartha fostaithe ag tionscal an Aontais, thuairiscigh MPE amháin níos mó ná 66 000 fostaí díreach ina chomhaltaí ar monaróirí cannaí iad san Aontas agus dá bhrí sin tá tionchar suntasach aige sin ar leas an Aontais. Is é sin, aistreoidh custaiméirí táirgeoirí cannaí bia ó channaí stáin go cineálacha eile pacáistíochta (TPE nó plaisteach) níos tapúla fós, agus méadóidh allmhairí cannaí atá líonta le bia cheana féin an brú ar shlabhraí luacha iartheachtacha a thuilleadh. Thacaigh CICS leis na maímh sin.

(255) D'áitigh Steelforce gur cás é an t-imscrúdú frithdhumpála ar CBCL i bpointe inar tharla, tar éis don Choimisiún dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur, ([25]) gur tháinig bac ar an slabhra luacha iartheachtach (táirgeoirí cannaí) faoin mbrú iomaíoch ón gcoigríoch, rud a d'fhág go raibh laghdú ar an éileamh ar CBCL féin.

(256) Ar deireadh, mhaígh MPE gur cheart an slabhra iartheachtach iomlán a chosaint, murach sin chuirfeadh dleachtanna iomaíochas thionscal na pacáistíochta i mbaol, go háirithe i bhfianaise allmhairí cannaí folmha agus páirteanna cannaí isteach san Aontas atá ag dul i méid i gcónaí.

(257) Maidir le maíomh MPE in aithris (252) thuas, mheabhraigh an Coimisiún gur bhraith sé ar an bhfianaise ar an gcomhad agus é ag teacht ar a chonclúidí. Maidir leis sin, tá meastacháin agus conclúidí an Choimisiúin ó aithris (386) den Rialachán sealadach bunaithe ar na sonraí cuimsitheacha mionsonraithe a cuireadh ar fáil sna freagraí ar an gceistneoir ó Trivium agus Massilly, agus fíoraíodh na sonraí sin ina dhiaidh sin.

(258) Ar an taobh eile, fiú dá mbeadh ríomhanna MPE cruinn, níor chuir MPE fianaise ná samplaí nithiúla ar fáil d'úsáideoirí a bhfuil sciar chomh hard sin de tháirgí stánphlátáilte acu ina gcostas táirgthe agus sciar chomh mór sin de á allmhairiú ón tSín an tráth céanna. Níor léiríodh ach oiread nach mbeadh táirgí seachas cannaí stáin ag úsáideoirí ina bpunann, agus sa chás sin ní bheadh tionchar na ndleachtanna ar a ngnó foriomlán chomh suntasach céanna. Os a choinne sin, tá táirgí eile ina bpunann ag an dá úsáideoir a sholáthair freagraí ar an gceistneoir.

(259) Ar deireadh, dá mbeadh úsáideoirí ag a raibh sciar i bhfad níos airde de tháirgí stánphlátáilte ina gcostas táirgthe, a fhaigheann sciar i bhfad níos airde de ón tSín freisin agus a ndéanfadh na dleachtanna difear níos suntasaí dóibh dá bhrí sin, glactar leis go mbeidís tar éis teacht chun cinn agus comhoibriú leis an imscrúdú chun a léiriú don Choimisiún go mbeidh tionchar díobhálach den sórt sin ag na dleachtanna ar a ngnó. Níorbh amhlaidh an cás, mar sin féin.

(260) Maidir le maíomh Massilly ón aithris (253) thuas, cé gur léirigh Massilly go deimhin go ndéanfaidh na dleachtanna difear níos tromchúisí do chodanna áirithe dá ghnó ná do chodanna eile, ní chuireann sé sin conclúidí an Choimisiúin a rinneadh maidir leis an úsáideoir sin ó bhail. Mar a mhínítear cheana in aithris (228) thuas, rinne an Coimisiún measúnú ar thionchar na ndleachtanna ar leibhéal oibríochtaí iomlána an Aontais, chun léargas a fháil ar an gcaoi a ndéanfaí difear do sheasamh foriomlán úsáideora san Aontas, seachas díreach mar chuid dá ghnó.

([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2247.

(261) Maidir leis na hargóintí ar bhrúnna iomaíocha ar thionscail iartheachtacha, fuair an Coimisiún cur i láthair ina raibh sonraí íogaire agus neamhfhíoraithe mar fhianaise chun tacú leis na maímh sin. Rinneadh tagairt sa chur i láthair d'fhorás ar an difríocht phraghsanna idir pacáistíocht ábhar éagsúil (lena n-áirítear stán agus plaisteach) agus na hathruithe ar sciar an mhargaidh pacáistíochta atá i bpacáistíocht ábhar éagsúil (lena n-áirítear stán agus plaisteach) ó bhí 2020 ann. Bhí sonraí Eurostat sa chur i láthair freisin, sonraí a léiríonn forás ar allmhairí cannaí stáin agus comhpháirteanna (barra, caidhpeanna, agus a leithéid). Ar deireadh, bhí fianaise starógach sa chur i láthair a léirigh athlonnú oibríochtaí líonta cannaí ar an gcoigríoch.

(262) Níor thug na treochtaí a léiríodh sa chur i láthair le fios go dtarlódh miondealú ar shlabhraí luacha iartheachtacha de thoradh dleachtanna a fhorchur. Ina theannta sin, mar a léirítear i dTáblaí 4, 8 agus 12 den Rialachán sealadach, bhí praghsanna stánphláta ar na praghsanna ab airde in 2022 as blianta uile na tréimhse faoi bhreathnú.

(263) Ar an gcaoi chéanna, cé gur mhaígh Steelforce gurb eol gur fhulaing margaí iartheachtacha brú dosháraithe ó tháirgí eachtracha iomaíocha i ndiaidh imscrúdú CBCL, níor cuireadh aon fhianaise fhiúntach ar fáil chun é sin a léiriú. Sholáthair Steelforce tagairtí do ráitis phoiblí ó mhonaróir bia Iodálach, Del Monte, a d'oscail saoráid nua san India ([26]). Níorbh fhéidir a mheas gur leor an sampla amháin sin, nár léirigh fiú na cúiseanna a bhí le hoscailt na saoráide sin, chun teacht ar an gconclúid go raibh brú dosháraithe ó tháirgí eachtracha iomaíocha mar thoradh ar imscrúdú CBCL.

(264) Ar deireadh, a mhéid a bhaineann le maíomh MPE gur cheart an slabhra luacha iartheachtach iomlán a chosaint, thug an Coimisiún dá aire gur léirigh sonraí Eurostat go deimhin go bhfuil méadú ag teacht ar allmhairí cannaí stáin agus comhpháirteanna (barra, caidhpeanna, agus a leithéidí) isteach san Aontas.

(265) I gcás cannaí folmha, cé go bhfuil méadú ag teacht ar allmhairí ón tSín, níl siad ach sa tríú háit ó thaobh méide de (tar éis na Ríochta Aontaithe agus na Tuirce). Thairis sin, bhí iomlán na méideanna allmhairí mar an gcéanna den chuid is mó idir 2020 agus 2024 (ós rud é go bhfuil allmhairí ón Ríocht Aontaithe ag laghdú chomh suntasach céanna), mar sin ní féidir a chinneadh an raibh tionchar díobhálach ag na hallmhairí sin ar sciar margaidh úsáideoirí an Aontais, i.e. táirgeoirí cannaí stáin.

(266) Os a choinne sin, tá méadú suntasach ag teacht ar allmhairí comhpháirteanna stáin ón tSín agus tá siad ag glacadh an sciar is mó de na hallmhairí ó 2020 i leith (agus an Tuirc agus an Ríocht Aontaithe ar an gcéad dá fhoinse allmhairí eile is mó).

(267) Ar aon chuma, is cosúil gur thosaigh na treochtaí méadaitheacha seo roinnt blianta ó shin cheana féin agus dá bhrí sin tá siad neamhspleách ar an imscrúdú atá ar siúl faoi láthair. Níl aon léiriú ann go stopfar nó go n-aisiompófar iad mura bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála ar tháirgí stánphlátáilte. Ina theannta sin, ní thagann cannaí agus comhpháirteanna stáin faoi raon táirge an imscrúdaithe seo agus, dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún dleachtanna a fhorchur ar tháirgí iartheachtacha mar chuid de, mar a mhol MPE.

(268) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, líomhain CICS go bhféadfadh sé nach mbeadh conclúidí an Choimisiúin ar thángthas orthu ar bhonn faisnéise ó dhá chuideachta, Trivium agus Massilly, ionadaíoch ar an earnáil níos leithne, go háirithe i bhfianaise mhéid an dá úsáideoir sin. Ina theannta sin, d'áitigh CICS go ginearálta nach raibh anailís an Choimisiúin ar an tionchar a bheadh ag na dleachtanna ar na húsáideoirí leordhóthanach i dtéarmaí tionchair ar chostais táirgthe agus brúnna iomaíocha san Aontas agus i margaí onnmhairiúcháin.

(269) Ar an taobh eile, d'athdhearbhaigh MPE a mhaímh maidir le brúnna iomaíocha ar na húsáideoirí atá gníomhach i slabhra luacha na pacáistíochta bia, arna gcur i bhfeidhm ag (i) allmhairí saora de tháirgí pacáistíochta miotail leathchríochnaithe chomh maith le cannaí bia agus aerasóil líonta, de thionscnamh na Síne den chuid is mó, agus (ii) ábhair phacáistíochta mhalartacha (mar shampla, plaistigh). Is é an toradh atá air sin íogaireacht praghais earnáil na pacáistíochta miotail, rud a chuireann cosc uirthi aon mhéadú ar chostais táirgthe a eascraíonn as forchur dleachtanna frithdhumpála a ionsú nó a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí.

([26]) https://www.delmontefoods.in/our-culture, arna rochtain go deireanach an 11 Márta 2025.

(270) Mhaígh MPE freisin go raibh conclúidí an Choimisiúin ó aithrisí (257) go (258) bunaithe ar argóintí amhantracha; fiú dá bhféadfadh roinnt de na húsáideoirí táirgí eile a bheith acu ina bpunanna, chinn MPE nach raibh sé sin ábhartha chun críocha an imscrúdaithe seo. Ar an gcaoi chéanna, líomhain MPE go raibh rannpháirtíocht úsáideoirí in imscrúduithe frithdhumpála agus sa chás sin íseal toisc nár léirigh an Coimisiún breithniú leordhóthanach ar a n-ábhair imní.

(271) Níor chuir CICS aon argóint ar fáil, áfach, maidir leis an gcaoi a ndéanfadh roinnt modhanna anailíse eile anailís an Choimisiúin níos leordhóthanaí, ná níor chuir sé aon fhianaise nua i láthair a chuirfeadh i gcoinne chonclúidí an Choimisiúin roimhe seo.

(272) Ar an gcaoi chéanna, níor sholáthair MPE fianaise nua chun tacú lena éilimh roimhe sin. Chuir an Coimisiún in iúl, áfach, go ndearna sé breithniú cúramach ar an bhfianaise agus ar na hargóintí uile a chuir na páirtithe leasmhara uile isteach, lena n-áirítear allmhaireoirí agus úsáideoirí.

(273) Suíodh san imscrúdú gurb ann don dumpáil, don díobháil, agus don nasc cúisíoch idir an dá cheann. Is sa chomhthéacs sin a rinne an Coimisiún anailís ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise go léir a chuir páirtithe leasmhara eile ar fáil dó, lena n-áirítear MPE, úsáideoirí, agus allmhaireoirí, maidir le leas an Aontais. Áiríodh leis sin freagraí cuimsitheacha ar an gceistneoir ó dhá úsáideoir, Massily agus Trivium. Ar bhonn a sonraí cuimsitheacha agus, i gcás Massily a sonraí fíoraithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndéanfadh na dleachtanna dochar suntasach do na húsáideoirí sin.

(274) Cé go ndearna an Coimisiún grinnscrúdú ar an bhfaisnéis uile a cuireadh faoina bhráid, ní bhfuair sé, áfach, aon fhianaise infhíoraithe ó aon úsáideoir aonair a léireodh go raibh sé neamhchosanta go mór ar allmhairí ón tSín agus, dá bhrí sin, ar thionchar díréireach ó fhorchur dleachtanna frithdhumpála. Ní féidir úsáid a bhaint as an tuiscint ar na cúiseanna nach ann do chomhar den sórt sin mar argóint chun a léiriú go ndéanfar dochar suntasach d'úsáideoirí, gan trácht ar fhianaise chuimsitheach iarbhír ó úsáideoirí a theastaíonn chun éifeachtaí den sórt sin a léiriú a ionadú.

(275) Mar a míníodh cheana, níor léiríodh leis an bhfianaise a bhí ar fáil don Choimisiún (maidir le hiarmhairtí chás CBCL nó an staid in earnáil na pacáistíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú) gur dócha go mbeadh tionchar diúltach suntasach ag forchur na ndleachtanna ar thionscail iartheachtacha, fiú dá méadódh sé sin praghsanna na dtáirgí stánphlátáilte san Aontas. Go deimhin, mar a luadh cheana in aithris (261) thuas, bhí praghsanna na dtáirgí stánphlátáilte ar an bpraghas ab airde in 2022. Níor léirigh aon fhianaise a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin meath suntasach ar shuíomhanna margaidh ná ar fheidhmíocht thionscail úsáideoirí táirgí stánphlátáilte sa bhliain sin.

(276) Dá bhrí sin, ar bhonn na fianaise uile a soláthraíodh ó na páirtithe leasmhara uile a bhí gníomhach sa chás, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid go mbeadh tionchar diúltach den sórt sin ag na bearta ar thionscail iartheachtacha ar mhó sin ná an gá a bheadh ann táirgeoirí an Aontais a chosaint ar dhumpáil dhíobhálach.

7.3.3. *Maímh ar thionchar na ndleachtanna ar bheartais chomhshaoil an Aontais*

(277) Mhaígh Steelforce nár chuir an Coimisiún tionchar na ndleachtanna ar bheartais chomhshaoil an Aontais san áireamh go leordhóthanach. Bhí fadhb ag Steelforce leis an gconclúid ó aithris (389) den Rialachán sealadach, nach raibh dóthain fianaise ag an gCoimisiún chun teacht ar an gconclúid go mbeadh tionchar diúltach ag forchur dleachtanna ar bheartais chomhshaoil an Aontais. Mhaígh Steelforce gur cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil, agus go raibh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún imscrúdú breise a dhéanamh air sin.

(278) Níor aontaigh an Coimisiún leis an measúnú sin, toisc nár líomhain na páirtithe leasmhara go léir ach go mbeidh aistriú suntasach ó phacáistíocht stáin go cineálacha eile pacáistíochta (nach bhfuil chomh neamhdhíobhálach don chomhshaol) mar thoradh ar dhleachtanna a fhorchur, rud a bhainfidh an bonn de spriocanna comhshaoil an Aontais.

(279) Mar sin féin, mar a measadh i roinn 7.3.2 thuas, níor cuireadh aon fhianaise dhiongbháilte i láthair chun a léiriú go mbeadh éifeacht den sórt sin ag forchur dleachtanna frithdhumpála. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don éileamh sin.

(280) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'athdhearbhaigh CICS, MPE, agus Steelforce na maímh a rinne siad roimhe seo maidir le neamh-chomhoiriúnacht dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí táirgí stánphlátáilte ón tSín le beartais chomhshaoil an Aontais.

(281) Bhí na hargóintí sin a athdhearbhaíodh ag brath, áfach, ar an toimhde go gcinnfeadh an Coimisiún go ndéanfaí táirgí stánphlátáilte a ionadú go suntasach le hábhair eile in earnáil na pacáistíochta dá bhforchuirfí dleachtanna. Ós rud é nár aisiompaigh an Coimisiún a chonclúidí roimhe seo maidir leis an bpointe sin (féach foroinn 7.3.2 thuas), mheas an Coimisiún go raibh na maímh sin gan bhunús.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(282) Mheabhraigh an Coimisiún, mar a léiríodh cheana in aithris (391) den Rialachán sealadach, go bhfuil drochbhail ar thionscal táirgí stánphlátáilte an Aontais. Bhí tionscal an Aontais neamhbhrabúsach den chuid is mó den tréimhse faoi bhreathnú, ach bhí an t-allmhaireoir comhoibríoch agus an dá úsáideoir a chuir freagraí ar an gceistneoir isteach brabúsach ar an taobh eile.

(283) I bhfianaise an mhéid thuas, chloígh an Coimisiún lena sheasamh nárbh ann d'aon chúis láidir chun teacht ar an gconclúid nach raibh sé le leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí táirgí stánphlátáilte de thionscnamh na Síne.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

8.1. **Bearta cinntitheacha**

(284) Ar bhonn na gconclúidí ar ar thángthas orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

8.2. **Foirm na mbeart**

(285) Ina bharúlacha maidir leis an Rialachán sealadach, d'iarr MPE go n-athrófaí cineál na ndleachtanna go dleachtanna seasta nó go híosphraghas allmhairiúcháin chun tionchar na ndleachtanna ar na húsáideoirí a mhaolú.

(286) Chuir EUROFER i gcoinne an mholta sin, agus mhaígh sé go bhfuil an baol ann, má fhorchuirtear bearta mar dhleachtanna seasta nó mar íosphraghas allmhairiúcháin, go mbeidh na bearta go hiomlán neamhéifeachtach, i bhfianaise luaineacht ghinearálta na gcostas fuinnimh agus amhábhar, rud atá méadaithe go háirithe sna cúinsí polaitiúla atá ann faoi láthair mar gheall ar an gcogadh trádála a d'fhéadfadh a bheith ann le Stáit Aontaithe Mheiriceá agus coinbhleachtaí leanúnacha san Úcráin agus sa Mheánoirthear. Ar an taobh eile, mhaígh EUROFER go bhféadfadh dleacht sheasta nó íosphraghas allmhairiúcháin a bheith níos díobhálaí do na húsáideoirí, ós rud é go raibh na praghsanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin réasúnta ard.

(287) Thug an Coimisiún dá aire i ndáil leis sin nár thug MPE bunús leis an gcaoi a laghdófaí tionchar na ndleachtanna ar úsáideoirí dá n-athrófaí cineál na ndleachtanna go dleachtanna seasta nó go híosphraghas allmhairiúcháin. Thug an Coimisiún faoi deara gurbh amhlaidh gur tháinig laghdú tagtha ar phraghsanna allmhairiúcháin, go deimhin, tar éis na tréimhse imscrúdúcháin. Tugtar le fios leis sin, sa ghearrthéarma ar a laghad, go mbeadh allmhairí níos costasaí fós ná dleachtanna *ad valorem* dá n-athrófaí cineál na ndleachtanna ó *ad valorem* go dleachtanna seasta nó go híosphraghas allmhairiúcháin, arna ríomh ar bhonn luachanna atá i réim sa tréimhse imscrúdúcháin.

(288) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurb iad dleachtanna *ad valorem* an cineál beart is iomchuí sa chás seo, agus an chothromaíocht is fearr á baint amach idir leas na n-úsáideoirí agus an gá atá ag tionscal an Aontais le cosaint ar allmhairí dumpáilte.

(289) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála cinntitheacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Grúpa Baosteel: — Baoshan Iron & Steel Co., Ltd. — WISCO-Nippon Steel Tinplate Co., Ltd.	13,1	46,2	13,1
Shougang Jingtang United Iron & Steel Co., Ltd.	46,8	62,4	46,8
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	24,6	52,0	24,6
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	62,3	71,7	62,3

(290) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart go mbeadh siad faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir leis ‘na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne’

(291) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na rátaí dleachta frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an t-iarratas a chur chuig an gCoimisiún ([27]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(292) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin isteach, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis ‘na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne’.

(293) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d’údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ba cheart dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

([27]) Ríomhphost: TRADE-TDI-NAME-CHANGE-REQUESTS@ec.europa.eu; European Commission, Directorate-General for Trade, Directorate G, Rue de la Loi /Wetstraat 170, 1040 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË.

(294) Má thagann méadú suntasach ar chainníocht na n-onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle, go háirithe tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, féadfar imscrúdú frith-imchéimnithe a thionscnamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha chun déanamh amhlaidh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta nó dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(295) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach ina dteannta sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(296) Táirgeoirí onnmhairiúcháin nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba cheart dóibh a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an dleachtráta frithdhumpála iad le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) níor onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin; (ii) níl sé comhlachaithe le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air é sin a dhéanamh i gcainníochtaí substaintiúla.

(297) Tar éis an nochta deiridh, d'iarr EUROFER, maidir le haithris (293) thuas, ar an gCoimisiún a chur in iúl go n-osclóidh sé cás imchéimnithe den sórt sin *ex officio*, ós rud é go bhfuil rochtain ag an gCoimisiún ar na sonraí ábhartha uile a leagtar amach san aithris sin.

(298) Ar an taobh eile, d'iarr MPE arís ar an gCoimisiún cineál na ndleachtanna a mhodhnú chun an tionchar ar na húsáideoirí a íoslaghdú.

(299) Maidir le hiarraidh EUROFER, thug an Coimisiún dá aire nach féidir leis a thoimhdiú go dtionscnófar aon chineál imscrúdaithe amach anseo faoi chuimsiú imscrúdú atá ar siúl. Mar a leagtar amach in aithris (293) thuas, ní féidir imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh ach amháin má chomhlíontar coinníollacha uile Airteagal 13 den bhun-Rialachán. Murab ionann agus maíomh EUROFER, ní bhailíonn an Coimisiún aon sonraí ná fianaise maidir le cleachtas, próiseas nó obair nach bhfuil cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leis seachas forchur na dleachta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 13. Is ar a fhiúntas féin a thionscnófar aon imscrúdú a d'fhéadfaí a dhéanamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh d'iarraidh EUROFER.

(300) Maidir leis an iarraidh a rinne MPE arís agus arís eile cineál na ndleachtanna a mhodhnú, cé gur fhéach an Coimisiún le cothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir leasanna thionscail na hEorpa, níor léiríodh go gcabhrófaí leis na húsáideoirí sa chás seo foirm na ndleachtanna a mhodhnú. Mar a mhínítear in aithris (286) thuas, tá praghsanna allmhairiúcháin ag laghdú tar éis na tréimhse imscrúdúcháin. Dá n-athrófaí cineál na ndleachtanna ó *ad valorem* go dleachtanna seasta nó go híosphraghas allmhairiúcháin, bheadh allmhairí níos costasaí fós ná dleachtanna *ad valorem*, sa ghearrthéarma ar a laghad.

8.3. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(301) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a cinneadh agus an leibhéil díobhála a rinneadh do thionscal an Aontais, ba cheart na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na ndleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a bhunaítear faoin Rialachán seo.

8.4. **Cúlghabhálacht**

(302) Mar a luaitear i roinn 1.2 thuas, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge faoi imscrúdú faoi réir a gcláraithe.

(303) Le linn chéim chinntitheach an imscrúdaithe, rinne an Coimisiún anailís ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na critéir faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán maidir le bailiú cúlghabhálach na ndleachtanna cinntitheacha.

(304) Rinne an Coimisiún anailís, ar bhonn na sonraí Faireachais, ar cé acu a tháinig nó nár tháinig aon ardú suntasach breise ar allmhairí sa bhreis ar leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar a leagtar síos in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán. Don anailís sin, rinne an Coimisiún comparáid idir na nithe seo a leanas:

(1) Meánmhéid míosúil na n-allmhairí ón gcéad mhí iomlán tar éis an tionscnaimh go dtí an mhí iomlán ina ndearnadh an clárú (Meitheamh 2024 – Deireadh Fómhair 2024) agus meánmhéid míosúil na n-allmhairí sna míonna céanna sa tréimhse imscrúdúcháin;

(2) Meánmhéid míosúil na n-allmhairí ón gcéad mhí iomlán tar éis an tionscnaimh go dtí an mhí iomlán inar glacadh dleachtanna sealadacha (Meitheamh 2024 – Eanáir 2025) agus meánmhéid míosúil na n-allmhairí sna míonna céanna sa tréimhse imscrúdúcháin;

(3) Meánmhéid míosúil na n-allmhairí ón gcéad mhí iomlán tar éis an tionscnaimh go dtí an mhí iomlán ina ndearnadh an clárú (Meitheamh 2024 – Deireadh Fómhair 2024) agus meánmhéid míosúil na n-allmhairí sa tréimhse imscrúdúcháin iomlán; agus

(4) Meánmhéid míosúil na n-allmhairí ón gcéad mhí iomlán tar éis an tionscnaimh go dtí an mhí iomlán inar glacadh dleachtanna sealadacha (Meitheamh 2024 – Eanáir 2025) agus meánmhéid míosúil na n-allmhairí sa tréimhse imscrúdúcháin iomlán.

(305) Níor léirigh ceachtar de na ceithre chomparáid a leagtar amach thuas méadú suntasach breise ar allmhairí sa bhreis ar leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(306) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le bailiú cúlghabhálach.

9. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(307) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún ([28]), d'fhorchuir an Coimisiún beart cosanta i leith táirgí áirithe cruach go ceann tréimhse 3 bliana. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1782 ón gCoimisiún ([29]), cuireadh síneadh leis an mbeart cosanta go dtí an 30 Meitheamh 2026. Tá an táirge lena mbaineann ar cheann de na catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an mbeart coimirce. Dá dheasca sin, ón uair a shárófaí na cuótaí taraife a leagtar amach faoin mbeart cosanta, bheadh an dleacht taraife os cionn an chuóta agus an dleacht frithdhumpála araon iníoctha ar na hallmhairí céanna. Toisc go bhféadfadh carnadh beart frithdhumpála den sórt sin ag a bhfuil bearta cosanta a bheith ina chúis le héifeacht ar thrádáil ar mó é ná mar atá inmhianaithe, chinn an Coimisiún cur i bhfeidhm comhthráthach na dleachta frithdhumpála leis an dleacht taraife os cionn an chuóta thuas don táirge lena mbaineann a chosc ar feadh fhad fhorchur na dleachta cosanta.

(308) Ciallaíonn sé sin, i gcás ina dtiocfaidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 chun bheith infheidhme maidir leis an táirge lena mbaineann agus i gcás ina sáróidh sé leibhéal na dleachta frithdhumpála de bhun an Rialacháin seo, ní bhaileofar ach an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159. Le linn thréimhse chur i bhfeidhm comhthráthach na dleachta cosanta agus frithdhumpála, cuirfear bailiú na ndleachtanna a forchuireadh de bhun an Rialacháin seo ar fionraí. I gcás ina mbeidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 infheidhme maidir leis an táirge lena mbaineann agus ina mbeidh sí socraithe ag leibhéal níos ísle ná leibhéal na dleachta frithdhumpála sa Rialachán seo, baileofar an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 sa bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus an leibhéal is airde de leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála a forchuireadh de bhun an Rialacháin seo. Cuirfear an chuid de mhéid na dleachta frithdhumpála nár bailíodh í ar fionraí.

([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha i gcoinne allmhairí táirgí cruach áirithe (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27).

([29]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1782 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún, lena n-áirítear an fadú arna chur leis an mbeart coimirce ar allmhairí táirgí cruach áirithe (IO L, 2024/1782, 25.6.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1782/oj).

(309) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([30]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(310) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta ó mhuileann stáin d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, iad brataithe nó plátáilte le stán, bíodh siad brataithe le hábhar plaisteach agus/nó vearnaiseáilte nó ná bíodh, atá faoi láthair faoi chóid AC 7210 11 00, 7210 12, ex 7210 70, 7210 90 40, ex 7210 90 80, 7212 10, agus ex 7212 40 (cóid TARIC 7210 70 10 15, 7210 70 80 20, 7210 70 80 92, 7210 90 80 20, 7212 40 20 10, 7212 40 80 12, 7212 40 80 30, 7212 40 80 80, agus 7212 40 80 85) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála cinntitheacha is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
Grúpa Baosteel: — Baoshan Iron & Steel Co., Ltd. — WISCO-Nippon Steel Tinplate Co., Ltd.	13,1 %	89LB
Shougang Jingtang United Iron & Steel Co., Ltd.	46,8 %	89LC
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	24,6 %	
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	62,3 %	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar de réir ainm agus de réir feidhm, arna dhréachtú mar a leanas: '*Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le tonaí táirgí stánphlátáilte a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.*' Go dtí go dtabharfar an sonrasc sin ar aird, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Na méideanna a fuarthas trí bhíthin na dleachta frithdhumpála sealadaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/81 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cothromrollta ó mhuileann stáin d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, iad brataithe nó plátáilte le stán, bíodh siad brataithe le hábhar plaisteach agus/nó vearnaiseáilte de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne nó ná bíodh, déanfar iad a bhailiú go cinntitheach. Na méideanna arna n-urrú de bhreis ar an dleacht frithdhumpála, déanfar iad a scaoileadh.

([30]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Airteagal 3

Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nach ndearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (an 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2024);

(b) nach bhfuil sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus

(c) gur onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann, sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 4

1. I gcás ina mbeidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 infheidhme maidir le táirgí cothromrollta ó mhuileann stáin d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, iad brataithe nó plátáilte le stán, bíodh siad brataithe le hábhar plaisteach agus/nó vearnaiseáilte nó ná bíodh, dá dtagraítear in Airteagal 1(1), agus is mó í ná an dleacht frithdhumpála a leagtar amach in Airteagal 1(2), ní bhaileofar ach an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159.

2. Le linn thréimhse chur i bhfeidhm mhír 1, cuirfear bailiú na ndleachtanna arna bhforchur de bhun an Rialacháin seo ar fionraí.

3. I gcás ina dtiocfaidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 chun bheith infheidhme maidir le táirgí cothromrollta ó mhuileann stáin d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, iad brataithe nó plátáilte le stán, bíodh siad brataithe le hábhar plaisteach agus/nó vearnaiseáilte nó ná bíodh, dá dtagraítear in Airteagal 1(1), agus atá socraithe ar leibhéal níos ísle ná an dleacht frithdhumpála a leagtar amach in Airteagal 1(2), baileofar an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 de bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus an dleacht frithdhumpála níos airde a leagtar amach in Airteagal 1(2).

4. Cuirfear an chuid de mhéid na ndleachtanna frithdhumpála nár bailíodh de bhun mhír 3 ar fionraí.

5. Beidh na tréimhsí fionraíochta dá dtagraítear i míreanna 2 agus 4 teoranta ó thaobh ama do thréimhse chur i bhfeidhm na dleachta taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne nár sampláladh

Ainm na Cuideachta	Cód breise TARIC
Jiangsu Youfu Sheet Technology Co., Ltd.	89LD
Hesteel Group Hengshui Strip Processing Co., Ltd. agus Handan Steel Group Hengshui Cold Rolling Steel Co., Ltd.	89LE
Handan Jintai Packing Material Co., Ltd.	89LF
Jiangsu Suxun New Material Co.,Ltd.	89LG
Jiangyin Comat Metal Products Co., Ltd.	89LH
GDH Zhongyue (Qinhuangdao) Tinplate Industrial Co.,Ltd. agus GDH Zhongyue (Zhongshan) Tinplate Industry Co., Ltd.	89LI